# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann



# Clár na nÁbhar

**Réamhrá an Chathaoirligh** **3**

**Tuarascáil an Chathaoirligh** **6**

**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh** **15**

**Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch** **17**

**Oibríochtaí** **20**

- Seirbhísí do Dheontóirí 21
- Comhchodanna agus Seirbhísí Ospidéil 24
- Staidreamh Deontóirí 28

**Tástáil** **30**

- TAN 31
- An tSaotharlann Diagnóisice ag an INF 32
- Diagnóisice Ionad Chorcaí 34
- An tSaotharlann Víreolaíochta 36
- SNTHI 38
- Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí 40
- An tSaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN) 41

**Seirbhísí Eile** **42**


- An Banc Fíocháin 43
- Aifiréis Theiripeach 44
- ONH 46
- CSNÉ 48

**Cáilíocht agus Cloí** **50**

**Acmhainní Daonna** **53**

**Airgeadas** **56**

**Sonraí teagmhála** **58**



**“Is é an jab atá againn ná táirge fola sábháilte, slán agus iontaofa a sholáthar d'othair atá ag baint úsáide as seirbhísí sláinte na hÉireann. Is cuid den obair seo é sábháilteacht ár ndeontóirí a chinntiú, mar aon le sábháilteacht na ndaoine a fhaigheann ár dtáirgí.”**

# Réamhrá an Chathaoirligh

Bliain ghnóthach a bhí ann dúinn in 2015, ach ba bhliain freisin í inar tharla suaitheadh amháin, agus go leor aistrithe. Is é an jab atá againn ná táirge fola sábháilte, slán agus iontaofa a sholáthar d'othair atá ag baint úsáide as seirbhísí sláinte na hÉireann. Is cuid den obair seo é sábháilteacht ár ndeontóirí a chinntiú, mar aon le sábháilteacht na ndaoine a fhaigheann ár dtáirgí.

Fuaireamar amach go deireanach in 2015 go raibh an gaireas nua a bhí á úsáid againn le leibhéil haemaglóibin deontóirí a sheiceáil lochtach, agus gur glacadh le líon deontóirí le leibhéil haemaglóibine a bhí i bhfad faoi bhun an leibhéil cheadaithe. Tá teagmháil déanta againn lenár ndeontóirí uile, agus táimid aistrithe ar ais chuig an modh a bhí againn roimhe seo le tástail haemaglóibine a dhéanamh, trí úsáid a bhaint as tástáil phriocatha méire.

Tá torthaí níos dearfa againn ó 2015.

- Tá ár ríomhchóras nua beo agus ag oibriú go maith, tar éis roinnt fadhbanna ar dtús. Táimid ag tairiscint coinní do dheontóirí in ár gclinicí seasta agus tá triall déanta againn ar choinní le foireann shoghluaiste amháin, agus beidh an triall seo á leathnú le linn 2016. Más aon treoir é an cleachtadh in áiteanna eile, deanfaidh a lán deontóirí coinní a roghnú.

- Déantar próiseáil ar an fhuil ar fad anois i mBaile Átha Cliath. Tá an áis phróiseála i gCorcaigh dúnta, tar éis an-seirbhís a chur ar fáil thar roinnt mhaith blianta. Fiú agus ár bhforbairt nua ar shuíomh OOC ag dul chun cinn, leanfar de thraidisiún mórtasach, fada ionad aistriúcháin na Mumhan i bhfoirm nua, agus soláthrófar seirbhísí riachtanacha go réigiúnach agus go náisiúnta.

- Tá comhaontú déanta againn leis an Roinn Sláinte, agus táimid ag tosú ar thástáil heipitíteas E do sholáthar fola na hÉireann. Feabhsóidh seo sábháilteacht ár dtáirgí.

- Tá tús curtha againn le caidreamh nua, níos dlúithe a chothú leo siúd atá ag obair ar theiripe cille a chur i bhfeidhm ar bhonn cliniciúil in Éirinn, mar creidimid gur féidir le SFÉ scileanna agus cumas a sholáthar sa réimse sin.

- Táimid aontaithe ar bhealach chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpolasaí reatha maidir le hiarchur d'fhir a mbíonn caidreamh collaí acu le fir. Tionólfar comhdháil mhór, faoi chathaoirleacht an Uasail John Bonnar, i mBaile Átha Cliath in Aibreán 2016, agus treoróidh sé seo an polasaí amach anseo.

Tá dúshláin airgeadais fós romhainn. Tá súil againn go nglacfaidh an Roinn Sláinte agus an tAire lenár moladh seancheaptha go mbeadh ár bpraghsanna ceangailte lenár gcóras costála, atá bunaithe ar ár ngníomhaíocht inmheánach. Tá súil againn freisin go dtiocfaidh réiteach cinnte ar an bhfadhb fhadtéarmach atá againn lenár gciste pinsin go luath in 2016, sula bhfoilseofar an réamhrá seo más féidir. Tá céimeanna curtha i bhfeidhm chun ár gcostais a laghdú agus leanfar de na céimeanna sin.

Mar is gnáth, ní mór dom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann. Bhí léiriú maith ar a dtiomantas sa chaoi inar dhéileáil siad leis an fhadhb ghéar leis an tomhas haemaglóibine. D'oibrigh gach ball den fhoireann, i gcuid mhaith cásanna thar an obair ba ghnách leo, chun cabhrú linn an fhadhb a réiteach, chun déileáil le glaonna ó dheontóirí agus chun an córas a bhí againn cheana a thabhairt ar ais. Bhí oibre as cuimse i gceist leis seo; bhí na caighdeáin ba dhéine le comhlíonadh agus coinníodh leo. Bhí ar an bhfoireann bainistíochta feidhmiúcháin dul i ngleic le roinnt dúshlán deacair i rith na bliana, ach choinnigh siad an soláthar fola sábháilte agus iontaofa, agus lean siad de chur chun cinn SFÉ. Go raibh míle maith agaibh ar fad.

Thacaigh ár ndeontóirí linn freisin. Toradh amháin ar athrú go dtí an seanchóras ná go dtiocfaidh ardú mór ar líon na ndeontóirí a ndearnadh iarchur ina leith. Is fadhb é seo sa gheimhreadh ach beidh sé ina fhadhb níos mó sa samhradh in 2016. Go dtí seo, tá tacaíocht iontach faighte againn ónár ndeontóirí reatha, ó dheontóirí nua agus ó dheontóirí a bhíodh againn. Mo bhuíochas libh ar fad freisin.

Ar deireadh, tá ár mbuíochas tuillte ag mo chomhghleacaithe ar an mbord, a chuimsíonn iad siúd a d'éirigh as in 2015, Gerry Kelly, Olwyn Bennett, Cleona Duggan agus John Cregan, agus comhaltaí nua an bhoird. Is eagraíocht chasta í SFÉ, a bhfuil sainstair, feidhmeanna casta agus cultúr láidir aici, agus déanann mo chomhghleacaithe ar an mbord a gcion de sin.

**An tOllamh Anthony Staines**
Cathaoirleach



## Ár Luachanna

- Feabhas Seirbhíse
- Macántacht
- Meas
- Foghlaim
- Cuntasacht
- Obair Foirne

# Tuarascáil an Chathaoirligh

**Tuarascáil Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir leis an measúnú ar rialú inmheánach airgeadais comhlacht stáit sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015, i gcomhréir le hAguisín V den Chód Athmheasta Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009.**

1. Admhaímse, mar Chathaoirleach, go bhfuil an Bord freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais atá ag an gComhlacht.
2. Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá ag SFÉ ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach bhfuil earráid, míráiteas nó caillteanas ábhartha ann.
3. Deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha do SFÉ a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo trí thuairiscí a fhaightear ón bPríomhfheidhmeannach.

   i. Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a aithint agus a mheasúnú, agus as rialú oiriúnach a cheapadh agus a oibriú. Déantar measúnú ar na rioscaí seo go leanúnach agus seans go mbíonn baint acu le réimse foinsí inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear cliseadh ar rialú, cur isteach ar chórais faisnéise, tubaiste nádúrtha agus riachtanais rialaitheacha.

   ii. Buaileann lucht bainistíochta le chéile dhá uair sa mhí chun ceisteanna oibriúcháin agus rioscaí agus an chaoi a mbainistítear iad a phlé. Is é an ról atá ag an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ina leith seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar son an Bhoird ar na príomhrioscaí a bhaineann le gnóthaí SFÉ agus ar an gcóras gníomhartha a bhfuil gá leis chun na rioscaí sin a bhainistiú, agus a dtorthaí ar cheisteanna suntasacha a chur faoi bhráid an Bhoird tríd an bPríomhfheidhmeannach.

   iii. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord ar son an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha ar obair SFÉ, agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar rioscaí suntasacha. Nuair a aithnítear réimsí le haghaidh feabhsú sa chóras, déanann an Bord breithniú ar na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin.

   iv. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais eolas ar fáil go míosúil don Choiste Airgeadais, sin fochoiste den Bhord, eolas a chuimsíonn príomhtháscairí feidhmíochta.

   v. Tá creat cuí rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil gnéithe atá sainmhínithe go soiléir agus iad forchoimeádta d'fhaomhadh an Bhoird amháin nó, de réir mar a bhíonn tarmligthe ag an mBord le haghaidh faomhadh cuí Feidhmeannais. Tá bainistíocht SFÉ ó lá go lá tarmligthe ag an mBord, agus tá teorainneacha cuí bunaithe acu le haghaidh údarú caiteachais don Fheidhmeannas. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialú inmheánach a chur i bhfeidhm, rialú inmheánach airgeadais san áireamh.

vi.Tá iniúchóirí inmheánacha faofa ag an mBord chun cinnteacht neamhspleách a thabhairt ar na rialúcháin inmheánacha.

vii. Go ginearálta, déantar monatóireacht ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na próisis a bhfuil cur síos orthu thuas. Anuas air sin, déanann Coiste Iniúchóireachta agus Cloí an Bhoird athbhreithniú ar réimsí ar leith den rialú inmheánach mar chuid dá dtéarmaí tagartha.

Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste Iniúchóireachta agus Cloí an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ar son an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí athbhreithniú foirmiúil ar na córais seo maidir le 2015 ag cruinniú a tharla ar 8 Feabhra 2016.

# Riachtanais Bhreise Tuairiscithe

### Cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord tiomanta cloí leis na forálacha bainteacha den Chód Cleachtais Athmheasta um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a bhí foilsithe ag an Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009.

Tá cód iompraíochta gnó don Bhord agus cód iompraíochta d'fhostaithe tar éis a bheith curtha i bhfeidhm. Tá an Bord tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar na cóid seo go rialta.

Tá an Bord tar éis glacadh le polasaí mionsonraithe taistil agus cothaithe a chloíonn le gach réimse de pholasaí taistil an Rialtais.

Rinne Bord SFÉ athbhreithniú ar thuairiscí ar rialúcháin inmheánacha i rith na bliana, in éineacht le hathbhreithniú rialta ar thuairiscí an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte ar rialúcháin oibriúcháin agus chloí agus bainistíocht riosca. Leanfaidh an Bord d'athbhreithniú na dtuairiscí seo agus d'obair go dlúth leis an ÚRTS chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Chomhlíon SFÉ modhanna oibre chun socmhainní a dhiúscairt, mar atá imlínithe sa 'Chód Athmheasta Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.' Cloíonn SFÉ leis na hoibleagáidí bainteacha go léir mar atá sainmhínithe faoi dhlí cánachais na hÉireann.

### Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an mBord cloí leis na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach, i gcomhréir leis na polasaithe agus na cleachtais a nglactar leo go ginearálta. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí. Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais Athmheasta um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a bhí foilsithe ag an Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009.

### Oibriú an Bhoird

Tá dáréag comhaltaí ar an mBord, Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin a bhíonn ceaptha ag an Aire Sláinte san áireamh.

Tháinig an Bord le chéile sé huaire le haghaidh gnáthchruinnithe i rith na bliana, agus bhí dhá chruinniú Boird Speisialta acu, ceann amháin ar 13 Aibreán agus an ceann eile ar an 28ú Deireadh Fómhair. Seo a leanas tinreamh chomhaltaí an Bhoird:

# Tuarascáil an Chathaoirligh

| Tinreamh an Bhoird 2015 | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An tOllamh Anthony Staines | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Kate Williams | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| An Dr. Julie Heslin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr. Elizabeth Kenny | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr. Jorgen Georgsen | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. Linda Hickey** | | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. Deirdre Cullivan* | | | | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. Simon Mills* | | | | ✓ | | |
| An tUas. Brian O'Mahony** | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr. Ronan Desmond* | | | | | | ✓ |
| An tUas. Yvonne Traynor* | | | | ✓ | | ✓ |
| An tUas. John Malone* | | | | ✓ | | ✓ |
| An tUas. John Cregan‡ | ✓ | | | | | |
| An tUas. Cleona Duggan‡‡ | ✓ | ✓ | | | | |
| An tUas. Olwyn Bennett‡‡ | ✓ | ✓ | | | | |
| An tUas. Gerry Kelly ‡‡ | ✓ | ✓ | | | | |

* Ceaptha 20/07/2015
**Athcheaptha 20/07/2015
‡ Éirithe as
‡‡ Téarma tagtha chun deiridh 31/05/2015

Faigheann gach ball eolas cuí agus tráthúil le cur ar chumas an Bhoird a dhualgais a chur i gcrích. Faigheann an Bord comhairle chuí neamhspleách agus ghairmiúil de réir mar is gá.

Cloítear le treoirlínte ar íocaíocht táillí agus speansas le comhaltaí an Bhoird.

| Táillí agus Speansais an Bhoird in 2015 | | |
|---|---|---|
| **Seo a leanas luach saothair agus speansais chomhaltaí an Bhoird:** | **Táillí an Bhoird** | **Speansais** |
| | € | € |
| An tOllamh Anthony Staines, Cathaoirleach | Nialas | 697 |
| Deirdre Cullivan | 4,834 | 470 |
| An tUas. Brian O'Mahony | Nialas | Nialas |
| An tUas. John Cregan | Nialas | 817 |
| An tUas. John Malone | 4,834 | |
| An tUas. Linda Hickey | 11,970 | Nialas |
| An tUas. Olwyn Bennett | 11,970 | Nialas |
| An tUas. Gerard Kelly | 5,525 | 1,238 |
| An tUas. Simon Mills | 4,834 | |
| An Dr. Elizabeth Kenny | Nialas | 1,008 |
| An Dr. Julie Heslin | Nialas | 1,149 |
| An Dr. Jorgen Georgsen | 11,970 | 4,620 |
| An tUas. Yvonne Traynor | 4,834 | |
| An tUas. Kate Williams | 11,970 | 293 |
| | **67,906** | **10,292** |

## Comhaltaí an Bhoird

An tOllamh Anthony Staines (Cathaoirleach) (tháinig deireadh lena théarma ar 31 Bealtaine 2015 – athcheapadh é ar 20 Iúil 2015)
An tUas. Brian O'Mahony (tháinig deireadh lena théarma ar 31 Bealtaine 2015 – athcheapadh é ar 20 Iúil 2015)
An tUas. John Cregan (éirithe as ar 23 Márta 2015)
An tUas. Linda Hickey (tháinig deireadh lena téarma ar 31 Bealtaine 2015 – athcheapadh í ar 20 Iúil 2015)
An tUas. Olwyn Bennett (tháinig deireadh lena téarma ar 31 Bealtaine 2015)
An tUas. Gerry Kelly (tháinig deireadh lena théarma ar 31 Bealtaine 2015)
An Dr. Cleona Duggan (tháinig deireadh lena téarma ar 31 Bealtaine 2015)
An tUas. Kate Williams
An Dr. Elizabeth Kenny
An Dr. Julie Heslin
An Dr. Jorgen Georgsen
An Dr. Ronan Desmond (ceaptha ar 20 Iúil 2015)
An tUas. Deirdre Cullivan (ceaptha ar 20 Iúil 2015)
An tUas. Yvonne Traynor (ceaptha ar 20 Iúil 2015)
An tUas. Simon Mills (ceaptha ar 20 Iúil 2015)
An tUas. John Malone (ceaptha ar 20 Iúil 2015)

## Treoirlínte ar bhreithmheas agus bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitiúil

Tá an Bord tiomanta cloí leis na Treoirlínte um

# Tuarascáil an Chathaoirligh

Measúnacht agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitiúil a bhí eisithe ag an Roinn Airgeadais in Iúil 1994 (athmheasta in Eanáir 2005), agus Ciorcláin 02/09 agus 02/11 maidir le socruithe le haghaidh caiteachas TFC sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.
Tá a modheolaíocht fhoirmiúil bhainistíochta tionscadal féin forbartha ag SFÉ chomh maith, rud atá oiriúnach le haghaidh oiriúnú, agus é sin faoi réir mhéid an tionscadail atá i gceist.

Tá struchtúr coiste ceaptha ag an mBord le cabhrú le cur i gcrích éifeachtach a fhreagrachtaí.

## An Coiste Feidhmíochta agus Forbartha

Tá fochoiste bunaithe ag an mBord le déileáil go sonrach le ceisteanna a bhaineann le tuarastal agus feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh. Ní raibh aon chruinniú ag an gCoiste seo in 2015. Cloíonn an Bord le polasaí an Rialtais ar phá an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe. Cloíonn an Bord chomh maith le treoirlínte ar íocaíocht táillí stiúrthóra. Ba é tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh in 2015 ná €148,964.

## An Coiste Comhairleach Leighis

Cuimsíonn an Coiste Comhairleach Leighis na comhaltaí den Bhord a bhfuil cáilíochtaí leighis acu, agus an fhoireann chomhairleachta leighis, agus bhuail siad lena chéile naoi n-uaire in 2015 Is é an fheidhm atá aige ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse an aistrithe fola agus réimsí eile, an Bord a chur ar an eolas faoina leithéid d'fhorbairtí agus comhairle a chur ar an mBord ar ghníomh cuí.

## An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord páirteach ann. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta páirteach ann chomh maith. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitiúla agus oibriúcháin, iniúchtaí seachtracha a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, cuntais airgeadais agus bhainistíochta, ETFanna (KPIs) airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus sreabhadh airgid. Déanann sé athbhreithniú chomh maith ar phleanáil ghnó, cleachtais chostála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe airgeadais agus polasaí státchiste. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus cuireann sé comhairle ar fáil ar chinnteoireacht bhainteach. Oibríonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Cloí

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí le chéile ceithre huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord agus triúr comhaltaí neamhspleácha seachtracha páirteach ann. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Cloí agus an tIniúchóir Inmheánach ag freastal air chomh maith, agus bíonn an cuntasóir cúnta ag gníomhú mar rúnaí don choiste. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le

gnóthaí airgeadais, rialaitheacha nó cloí an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, tuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta, na polasaithe cuntasaíochta, cloí le caighdeáin chuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais reachtúla an Bhoird. Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

## An Clár Rioscaí

Aithníonn an clár rioscaí cineálacha éagsúla rioscaí, lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, cáile, cliniciúla, TF, airgeadais agus oibriúcháin don eagraíocht, an rialú reatha agus gníomhartha breise a bhfuil gá leo chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú dá bhfíorófaí ceann de na rioscaí. Tá an Clár Riosca roinnte idir comhchodanna Oibriúcháin, Cliniciúla agus TF. Ceadaíodh Polasaí agus Nós Imeachta um Bainistíocht Riosca i rith 2015 agus forbraíodh clár riosca aonair. Comhaontaíodh chomh maith go leagfaí amach sraith rioscaí bunúsacha agus go ndéanfadh an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí agus an Bord monatóireacht orthu go rialta. I láthair na huaire, déanann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár rioscaí eagraíochtúla. Déanann na comhairligh leighis athbhreithniú ar an gclár rioscaí cliniciúla, agus is iad an Príomhfheidhmeannach agus an Bainisteoir TF a dhéanann athbhreithniú ar an gclár rioscaí TF.

Cinntíonn an mhonatóireacht seo go bhfuil na rioscaí agus an rialú aitheanta bainteach leis an am i láthair, agus go n-aithnítear rioscaí nua agus éiritheacha, agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm.

## Gnóthas Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá Comhaltaí an Bhoird réasúnta sásta go bhfuil go leor acmhainní ag SFÉ le leanúint dá hobair sa ghearrtéarma. Ar an gcúis seo, leanann siad de na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Tar éis don Bhord measúnú a dhéanamh ar luachálacha sócmhainne na scéime pinsin, ar an bplean maoinithe reatha, a chuimsíonn athruithe a comhaontaíodh maidir le sochair na scéime, ar ráta maoinithe athmheasta achtúirí na scéime, agus ar an sreabhadh airgid a thuar an Bord don dá mhí dhéag ón dáta a ceadaíodh na ráitis airdeadais, tá an Bord sásta go bhfuil dóthain de chúlchiste acu chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a cheadú ar bhonn ghnóthais leantaigh.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialúcháin inmheánacha i SFÉ agus as a n-éifeachtacht a athbhreithniú. Cuimsíonn an córas de rialú inmheánach airgeadais atá ag an mBord an rialú sin a bunaíodh chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil maidir le:

- Cosaint sócmhainní ar úsáid nó diúscairt gan údarás; agus
- taifid chuí chuntasaíochta a bheith á gcoinneáil agus eolas iontaofa airgeadais a bheith á úsáid san eagraíocht.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras atá ag an mBord le haghaidh rialú inmheánach airgeadais:

# Tuarascáil an Chathaoirligh

- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais
- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus cuirtear é faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord
- Faomhadh sealbhóirí buiséid do bhuiséid ar leith
- Athbhreithniú buiséid le sealbhóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais atá sainmhínithe go soiléir
- Leithscaradh cuí dualgas
- Teorainneacha soiléire údaraithe ceadaithe ag an gCoiste Airgeadais le haghaidh caiteachas caipitiúil agus athfhillteach
- Príomhphróisis airgeadais á ndoiciméadú go hiomlán i nósanna imeachta scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta á ndéanamh ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann stórais
- Seiceáil fíorúcháin agus rialú focail faire sa chóras airgeadais
- Réiteach eisiúintí táirgí le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí uile an Bhoird billeáilte go hiomlán
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Síniú orduithe ceannaigh ag Oifigeach Ceannaigh nó ionadaí údaraithe
- Nithe stoic á bhforéileamh trí ordú uathoibríoch
- Síniú agus códú gach sonraisc nach mbaineann le stoc ag bainisteoirí buiséid nó ag a n-ionadaithe údaraithe
- Gach sonrasc stoic á mheaitseáil go neamhspleách le NEI (GRN) agus ordú ceannaigh an stórais
- Seiceáil fhíoraithe íocaíochta shonraisc na soláthraithe ag baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann íocaíochta cuntas

Tá a fhios ag an mBord go bhfuil an córas de rialú inmheánach ceaptha chun bainistíocht a dhéanamh ar an riosca nach mbainfí cuspóirí gnó amach, seachas an riosca sin a dhíchur go hiomlán. Ní féidir le rialú inmheánach ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach mbeidh míráiteas nó caillteanas ábhartha i gceist.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015 faoi CTA102 don chéad uair.

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá ceanglas ar an mBord faoi Ordú um an mBord Seirbhís Fuilaistriúcháin (Bunú), 1965, ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliain airgeadais, i gcomhréir le dlí is infheidhme in Éirinn agus caighdeáin chuntasaíochta, ina dtugtar léargas ceart agus cóir ar staid ghnóthaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus ar a hioncam agus a caiteachas sa bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, is gá don Bhord:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Imeacht ábhartha ar bith ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann de bheith ag oibriú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus le cur ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Anuas air sin, tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint, agus bearta réasúnta a dhéanamh dá réir chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

**Comhdhlúthú próiseála san Ionad Fola Náisiúnta**
Roimh Dheireadh Fómhair 2015, rinneadh na cláir chomhchodanna a phróiseáil in dá shuíomh, san Ionad Fola Náisiúnta i mBaile Átha Cliath agus in Ionad SFÉ in Ospidéal Naomh Fionnbarra, Corcaigh. Shocraigh an Bord an phróiseáil a chomhdhlúthú in aon suíomh amháin, agus cuireadh é sin i bhfeidhm le linn dheireadh seachtaine saoire bainc mhí Dheireadh Fómhair.

**Cur i láthair eProgesa**
I Meán Fómhair 2015, rinneadh an ríomhchóras i SFÉ ar a dtarlaíonn bailiúchán, próiseáil, tástáil agus eisiúint fola agus comhchodanna fola ina n-iomláine a uasghrádú chuig an leagan eProgesa. Ba ghnóthas suntasach é seo don eagraíocht. Tugadh isteach lipéadú SFÉ 128 do na táirgí ar fad mar chuid den fheidhmiúchán.

**An tOllamh Anthony Staines**
Cathaoirleach

> **“Cinntíonn an mhonatóireacht go mbaineann na rioscaí agus an rialú leis an am i láthair, agus go n-aithneofar rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus go gcuirfear bearta rialaithe i bhfeidhm ina leith.”**



**“Lean SFÉ d'aistriú fola a chur ar fáil ar na caighdeáin is airde i rith 2015 in ainneoin na ndúshlán go léir a bhí roimh an eagraíocht”**

# Tuarascáil an Phríomh-fheidhmeannaigh




Lean SFÉ d'aistriú fola ar ardchaighdeán a chur ar fáil i rith 2015 in ainneoin cuid mhaith dúshlán a bheith roimh an eagraíocht. Chuireamar eProgesa agus SFÉ 128 i bhfeidhm go ráthúil agus ag deireadh na bliana, sroicheadh réiteach comhaontaithe ar shaincheist an phinsin a bhí ina fadhb le fada, agus a raibh gá le comhaontú na foirne maidir leis. Rinneamar ár bpróiseáil a lárú i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair agus tá ag éirí go maith leis sin. Tá sé i gceist go mbeidh ár nIonad i gCorcaigh ag feidhmiú mar shuíomh te. Go deireanach i mí Dheireadh Fómhair, thángamar ar fhadhb lenár dteicneolaíocht tomhais Hb, a raibh iarmhairtí tromchúiseacha ag baint léi do dheontóirí agus d'inbhuanaitheacht an tsoláthair fola. Beidh neart oibre ag teastáil chun déileáil leis an iarchur Hb méadaithe agus chun a thionchar siúd a mhaolú sa chaoi gur féidir linn soláthar fola seasta a chinntiú.

Táimid fós ag feidhmiú i dtimpeallacht airgeadais atá an-rialaithe agus ní mór dúinn tuilleadh sábhála costais a chur i bhfeidhm. Don chéad uair le roinnt blianta anuas, tháinig méadú ar úsáid fola agus pláitíní. Mar sin féin, tá na rátaí úsáide de chealla dearga agus de phlaitíní níos lú ná mar a bhí in 2009, ag 13% agus 10% faoi seach.

Is é an dúshlán atá roimh SFÉ i dtaca le hioncam laghdaithe agus costais ardaithe ná fanacht ar an eolas faoi theicneolaíochtaí nua agus dóthain caipitil a bheith ar fáil chun infheistiú a dhéanamh i bhfearas, i dteicneolaíocht agus in acmhainní. Bhí sé i gceist againn Costáil Bunaithe ar Ghníomhaíocht a thabhairt isteach mar bhealach chun ár bpraghasanna a shocrú in 2016 ach níl sé seo comhaontaithe leis an Roinn Sláinte. Caithfear aghaidh a thabhairt ar an saincheist seo chun go dtiocfar ar chomhaontú faoi mhúnla maoinithe cuí a chuirfidh maoiniú ar fáil do ghníomhaíochtaí SFÉ amach anseo.


Táimid fós ag obair le príomhpháirtithe leasmhara i gCorcaigh chun Ionad Leighis Fuilaistriucháin a thógáil ar champas Ospidéal na hOllscoile i gCorcaigh. Cuirfidh sé seo athrú mór ar an mbealach a n-oibríonn SFÉ i gCorcaigh.

Chuireamar tús le forbairt Plean Straitéisigh le haghaidh 2017 – 2019. Bhuaileamar le hArd-Rúnaí na Roinne Sláinte agus le cuid dá oifigigh chun saincheisteanna straitéiseacha a phlé. Leanfar den obair seo le linn 2016 agus eagrófar ceardlann oibre leis an mBord, leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, leis an nGrúpa Straitéise agus le príomhpháirtithe leasmhara san eagraíocht le súil go bhfoilseofar straitéis i mí na Nollag 2016.

Tá cinneadh déanta ag an Stiurthóir Oibríochtaí SFÉ a fhágáil go luath in 2016. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis as a thiomantas, as a ghairmiúlacht agus as a dhúthracht le linn a théarma. Rinne sé cion shuntasach oibre le SFÉ agus rinne sé roinnt mhaith athruithe nuálacha in a réimse oibríochtaí. Guím gach beannacht air fein agus ar a chlann amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann go léir a oibríonn i SFÉ. Murach a dtiomantas agus a ngairmiúlacht, ní fhéadfaimis na seirbhísí a bhíonn de dhíth ar othair a chur ar fáil ar an gcaighdean is airde ná go tráthúil.

**Andrew Kelly**
Príomhfheidhmeannach



**“Cuireadh tús freisin in 2015 le géinitíopáil ghrúpaí fola i SFÉ – athróidh seo cuid mhaith den bhancáil fola ó bhonn le himeacht ama, agus beidh soláthar aistriúcháin fola níos fearr, níos sciobtha, agus b'fhéidir níos saoire ar fáil in ospidéil.”**

# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch



Tá foirne taighde sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, agus san Eoraip ag obair go crua chun modhanna a fhorbairt d'fhonn cealla fola dearga a fhás i monarchana gascheall i gcomhair fuilaistriúcháin. Tá daoine eile ag iarraidh an rud céanna a dheanamh le pláitíní - cineál fuilchille atá riachtanach i gcomhair fuiltéachta. Is tóraíocht shuntasach í, tionscadal bithinnealtóireachta nach bhfuil ann dá mhacasamhail. Tógfaidh sé na blianta é a chur i gcrích, ach le linn an phróisis sin, réiteoidh na tionscadail seo cuid mhaith fadhbanna bithinnealtóireachta ar scála mór a osclóidh doirse i neart treonna eile i dtaca le hardchúram sláinte. Is léiriú é rannpháirtíocht a lán comhlachtaí cumhachtacha eolaíochta sa tionscnamh seo cé chomh riachtanach is atá sé go mbeadh soláthar dóthanach cealla fola sábháilte d'ardchaighdeán ar fáil, agus cé chomh tábhachtach is atá sé sin i gcúram sláinte an lae inniu. Agus cé chomh mór is atá an iarracht a ghabhann leis: gach lá, bíonn ar chóras cúraim sláinte gach tíre forbartha agus i mbéal forbartha bainistíocht shábháilte, dhaingean a dhéanamh ar na céadta nó na mílte dá saoránaithe sláintiúla, a thugann suas a gcuid ama le snáthaid mhór a bheith sáite ina gcuid géaga ar mhaithe le daoine eile. má chuirtear gaschealla atá saothraithe i monarchana in áit fuilaistriúcháin i bhfad amach anseo, agus ní móide sin, beidh iontas thar na bearta caillte sa stair. Ach is coimhlint atá ann a bheith ag iarraidh cothromaíocht a aimsiú idir riachtanais othar agus infhaighteacht dheontóirí. Ní mór do dheontóirí a bheith aclaí agus sláintiúil, agus tá gá le deontóirí nua gach bliain le teacht in ionad na ndeontóirí a bhfuil a gcuid déanta acu, agus nach bhfuil in ann deonú a thuilleadh, is cuma cén chúis atá leis sin. Tá an próiseas deonaithe simplí agus díreach, ach níl gach duine in ann deich faoin gcéad dá dtoirt fola a thabhairt go héasca ar bhonn rialta. I measc na ndaoine ar féidir leo seo a dhéanamh, tá neart cúiseanna ann nach nglacfaidh an tseirbhís lena gcuid fola i gcomhair fuilaistriúcháin, ar feadh tamaill ar a laghad. Údar mór amháin leis seo ná taisteal thar lear – is cúis imní iad galair víreasacha ó fheithidí, fiú i gcás taistil laistigh den Eoraip nó na Stáit Aontaithe, mar gur furasta iad sin a tharchur ón deontóir chuig an té atá ag fáil na fola, fiú nuair atá an deontóir aclaí agus sláintiúil. Bhí víreas na Níle Thiar, Chikungunya, agus Dengue le sonrú ar Mhór-Roinn na hEorpa agus níos faide ó bhaile in 2015, agus choinníomar súil ghéar ar an mbaibéasóis in Oirthuaisceart na Stát Aontaithe agus ar an Mers-CoV sa Mheán-Oirthear. Coinníodh súil freisin ar víris níos andúchasaí, lena n-áirítear an víreas Bourbon in Iarthar Láir na Stát Aontaithe agus an víreas Zika i Meiriceá Theas, víreas a bheadh ina chúis imní níos deireanaí. Le blianta beaga anuas, tá monatóireacht galar nua agus galar seanbhunaithe a d'fhéadfadh daoine a tholgadh trí fhuilaistriúchán faighte i bhfad níos éasca de bharr teacht chun cinn líonraí faireachais atá comhordaithe go hidirnáisiúnta. Mar sin féin tá deacrachtaí ann i gcónaí maidir leis an soláthar fola a choinneáil sábháilte, agus tá gá leanúnach le forairdeall agus le freagairt chuí ar bhagairtí.

Níos gaire don bhaile, i gcás heipitíteas E a tolgadh in Éirinn ó bhia, ba ghá cur chuige difriúil a chur i bhfeidhm seachas iarchur a dhéanamh do dhaoine a bhí i gcontúirt, agus fuarthas maoiniú chun tástáil don víreas a dhéanamh ar gach deontóir ar feadh trí bliana ó Eanáir 2016. Bhíomar ar an gcéad tír a shocraigh tástáil deontóra uilíoch a dhéanamh, rud a léirigh tiomantas na hÉireann do sholáthar fola chomh sábháilte agus ab fhéidir a chur ar fáil.

# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch

Faoi dheireadh, beidh gá le modhanna aimridithe éifeachtúla do chealla dearga agus do phlaitíní. In 2015, bhronnamar conradh i gcomhair teicneolaíochta a laghdódh pataiginí i bpláitíní; Níl teicneolaíocht ar fáil fós chun pataiginí i gcealla dearga a laghdú, cé go bhfuil dhá dhéantóir ar a laghad ag déanamh dul chun cinn le forbairt modhanna oiriúnacha.

Chríochnaigh SFÉ na céimeanna forbartha dá Clár Gascheall Coirneach Eipitéiliach le linn 2015, agus ba dhul chun cinn suntasach é seo i dtreo forbairt saineolais inmheánaigh maidir le teiripe gaschille. Tugann trasphlanduithe gascheall coirneach eipitéiliach a n-amharc ar ais d'othair a bhfuil cineálacha áirithe galar orthu sa chuid tosaigh dá súile, agus nach bhfuil in ann a gcuid coirní féin a leigheas tar éis galar nó gortuithe. Teastaíonnn ó na hothair seo go dtógfaí gaschealla coirní ó dheontóirí fíocháin agus go ndéanfaí saothrúchán orthu sa tsaotharlann ar feadh 2 nó 3 de sheachtainí roimh thrasphlandú. Bíonn iarracht mhór ag gabháil leis an bpróiseas ar an-chuid bealaí, agus má bhaintear an cumas seo amach, beidh ról lárnach ag SFÉ ó thaobh tacú le forbairt ar theiripí gascheall i roinnt mhaith reimsí cógais eile in Éirinn amach anseo.

Is in 2015 a chuir SFÉ tús le géinitíopáil grúpaí fola – ar dtús chun úsáid phróifíolacsais réamhbhreithe a threorú le frith-D chun cásanna iarmharacha Galair Haemalaíoch Rhesus i Linbh Nuabhreithe a chosc. Déanfaidh an teicneolaíocht seo – a dhearbhaíonn cineálacha fola othar agus deontóirí trí mhodhanna géiniteacha seachas na modhanna caighdeánacha reatha a bhaineann úsáid as teicnící antasubstainte – déanfaidh sé athrú mór ar chuid mhaith den bhaincéireacht fola thar am, rud a dtiocfaidh fuilaistriuchán níos fearr, níos sciobtha agus b'fhéidir níos saoire in ospidéil mar thoradh air.

Mar sin féin, teastaíonn deontóirí uainn i gcónaí, agus beidh an leibhéal cúraim is airde ag teastáil ó na deontóirí sin chun a chinntiú gur próiseas sábháilte deonaithe atá in úsáid.

Ag tarraingt ar dheireadh 2015, cuireadh muid ar an eolas faoi cheist a bhain leis an modh a bhí á úsáid againn chun leibhéil haemaglóibine a thástáil nuair a bhíomar ag tógáil deonacháin fola ó dheontóirí. Bhí modh nua curtha i bhfeidhm againn in 2014 chun leibhéil haemaglóibin deontóirí a thástáil – in ionad an tseanchórais tástála a bhí bunaithe ar phriocadh méire, bhí gaireas nua tugtha isteach againn a thomhaisfeadh haemaglóibin trí anailís a dhéanamh ar sholas xeanóin a bheadh ag soilsiú trí fhíochain bharr na méire. Nuair a cuireadh muid ar an eolas faoin gceist seo, fuaireamar réidh leis an modh nua agus chuamar ar ais chuig an seanchóras tástála bunaithe ar phriocadh méire. Scríobhamar chuig na ndeontóirí ar fad a ndearnadh tástáil orthu agus a faomhadh chun fuil a dheonadh tríd an ngaireas seo, an Haemospect, chun ár leithscéal a ghabháil faoinar tharla agus chun comhairliú dóibh cuairt a thabhairt ar a ndochtúir féin ar chostas SFÉ dá mba chúis imní dóibh é. Bhí thart ar 90,000 deontóir i gceist.

**William Murphy, MD, FRCPEdin, FRCPath**
Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch
Haemaiteolaí Comhairleach
Ollamh Comhlach Cliniciúil an Choláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath




**“Táthar ag súil go gcinnteofar soláthar fola sábháilte agus inbhuanaithe amach anseo trínár naisc leis na seirbhísí éigeandála a threisiú!”**

# Oibríochtaí



# Seirbhísí do Dheontóirí




## Rothaíocht an Gharda Síochána chuig an nGinéiv

Bhí sé in am arís na bríste gearra agus an Lycra a thabhairt amach i gcomhair thuras bliantúil rothaíochta Blood4Life na nGardaí. I mbliana, bhí an rothaíocht ar siúl ar feadh 6 lá ó 9 go dtí 16 Meitheamh. D'fhág an grúpa ocht nduine dhéag Corcaigh ar mhaidin a bhí fuar ach grianmhar chun aghaidh a thabhairt ar an Eilvéis!

Ghlac an fhoireann, a raibh cuid mhaith acu ina mbaill den Gharda Síochána agus ar rothaithe díocasacha iad ar fad, go nádúrtha leis an turas suntasach tras-ilchríochach seo. Thug siad ar fad faoin rothaíocht chun feasacht a ardú ar a thábhachtaí is atá sé fuil a dheonú. D'iarr gach rannpháirtí ar bhaill den phobal gealladh go dtabharfadh siad aonad fola mar thacaíocht dá gcuid iarrachtaí éachtacha.

Tháinig an fhoireann isteach sa Ghinéiv in am agus meanma mhaith acu ar 14 Meitheamh, agus shroich siad a gceann scríbe ag ceanncheathrú na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Ba speisialta fós a n-éacht mar gur cuireadh i gcríoch é ar Lá Domhanda na nDeontóirí Fola! Iarracht iontach uathu ar fad.

## An tEolas Aipe is Deireanaí

Tar éis aip oifigiúil SFÉ a sheoladh in 2014, is cúis áthais dúinn go bhfuil an-tóir ar ár n-aip nua i mbliana i measc ár ndeontóirí, a bhfuil fios a ngnó acu maidir leis an teicneolaíocht. Go dtí seo, tá an fheidhmchlár íoslódáilte os cionn 10,000 uair thar na hardáin iOS agus Android.

Cuireann an aip ar chumas deontóirí fáil amach cá bhfuil an clinic is gaire dóibh agus na critéir cháilitheachta riachtanacha a sheiceáil, agus is féidir í a íoslódáil tríd an leathanach baile ar shuíomh gréasáin SFÉ – www.giveblood.ie. Táthar ag súil go gcuirfear feidhmiúlacht bhreise léi a éascóidh eispéireas níos oiriúnaithe dár ndeontóirí. Buíochas lenár ndeontóirí rialta agus le húsáideoirí na aipe as ucht an scéal a scaipeadh faoin réiteach soghluaiste seo.

## Seoladh na Comhpháirtíochta Seirbhísí Éigeandála

Chonaic daoine a bhí ag gabháil thart radharc neamhghnách ag duga na Canála Móire maidin fhionnuar i mí Iúil nuair a bhailigh baill ó eagraíochtaí seirbhísí éigeandala éagsúla le chéile in aice le hAmharclann Bord Gáis Energy le páirt a ghlacadh i ndreas grianghrafadóireachta as an ngnáth.

Bhí na Gardaí, an Garda Cósta, na Fórsaí Cosanta agus Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath i láthair lena bhfearas agus a bhfeithiclí chun a dtacaíocht do Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a léiriú d'fhonn béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le deonú fola.

Ba é "Buddy", sonóg deoir fola fhíor-fhuinniúil ar chóimhéid duine, is mó a tharraing caint sa taispeántas, agus sheas sé i gcomhair grianghraf in éineacht le baill seirbhíse, agus é ag múscailt spéis na ndaoine ar tharla dóibh a bheith ag gabháil an bhealaigh.

Táthar ag súil go gcabhróidh athdhaingniu ár nasc leis na seirbhísí éigeandála, soláthar fola sábháilte agus inbhuanaithe a chinntiú amach anseo.

# Seirbhísí do Dheontóirí



## Searmanais Bronnta do Dheontóirí

Reáchtáladh searmanais bronnta do dheontóirí i mBaile Átha Cliath, i gCeatharlach, i gCorcaigh, i dTuaim agus i mBaile Átha Fhirdhia. Fuair iomlán 608 deontóir aitheantas as breis is 50 agus 100 deonachán a thabhairt.

Is cuid thábhachtach iad na gradaim seo d'fhéilire SFÉ ós rud é go n-aithníonn siad deontóirí agus a dtiomantas leanúnach d'fhuil nó pláitíní a dheonú. Is deis é seo ag SFÉ buíochas a ghabháil le deontóirí as a ndílseacht agus a dtiomantas seasmhach do bheatha daoine a shábháil.

Ag gach aon cheann de na hócáidí seo, insíonn othar a fuair fuil a scéal agus tugann sé seo fíorthuiscint do gach aon deontóir ar an tábhacht atá leis an mbronntanas tarrthála a thugann siad do dhaoine eile.

I mBaile Átha Fhirdhia, fuair céad fiche is a hocht deontóir a thug 50 deonachán a ndeora óir agus fuair ochtar a thug 100 deonachán peileacáin phoircealláin. I mBaile Átha Cliath, fuair 115 deontóir deora óir agus fuair 82 peileacáin phoircealláin. I dTuaim, fuair 89 deontóir deora óir agus fuair cúigear peileacáin phoircealláin as 100 deonachán a thabhairt. Bhailigh 164 deontóir a ndeora óir i gCorcaigh agus fuair 17 deontóir a bpeileacáin phoircealláin.

## Oibreacha Fola

Rinneadh tréaniarracht i mbliana, eagraíochtaí agus gnólachtaí de gach chineál a spreagadh chun cur ina luí ar fhostaithe fuil a thabhairt mar chuid dá gcuid iarrachtaí agus gníomhaíochtaí freagrachta sóisialta corparáideacha.

Cuireadh amach pacáiste nua eolais agus feasachta le linn an tsamhraidh – tráth a mbíonn éileamh ar fhuil i gcónaí – a dearadh chun eagraíochtaí a spreagadh agus cabhrú leo a bheith páirteach.

Spreagann an clár feasachta corparáideach athtreisithe seo meanma foirne agus cabhraíonn sé le heagraíochtaí a gcuid freagrachtaí corparáideacha a chur i gcrích. Tá iarrachtaí leanúnacha ar bun chun an pacáiste feasachta seo a sholáthar do phríomhchinnteoirí in eagraíochtaí agus i ngnólachtaí atá lonnaithe i mórcheantair Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, áiteanna ina bhfuil teacht éasca ar ár gclinicí seasta.

Ní raibh sé riamh chomh héasca fuil a thabhairt mar chuid d'fhoireann nó de ghrúpa oibre, a bhuíochas ar an tionscnamh seo.

## Aip MyHealth Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn

Forbraíodh an aip nua RCSI MyHealth chun teacht éasca ar eolas inchreidte faoi shláinte a chur ar fáil. Bhí SFÉ ar cheann de shé cinn déag de phríomhcharthanachtaí na hÉireann a thacaigh le seoladh na haipe seo in 2015.

Tugann an aip deis d'úsáideoirí eolas a bhaineann le riochtaí sláinte áirithe a chuardach go discréideach agus cuireann sé ar chumas úsáideoirí smacht a ghabháil ar a sláinte féin. Cuirtear an t-eolas i láthair ar bhealach soiléir, dírithe agus eagraithe atá éasca le tuiscint. Cuireann an aip eolas ar fáil freisin d'úsáideoirí faoi mar ar féidir leo eolas agus tacaíocht a chuardach má tá siad i riocht áirithe sláinte.





Tá láithreacht shofheiceálach ag SFÉ ar an aip agus táthar ag súil go spreagfaidh an láithreacht bhranda seo úsáideoirí chun fuil a thabhairt go rialta.

## Cumann Peile na hÉireann agus SFÉ

D'oibrigh Cumann Peile na hÉireann agus an SSE Airtricity League i gcomhar le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann in 2015 chun feasacht a mhúscailt ar an ngá le tuilleadh deontóirí fola agus plaitíní.

Thaispeáin imreoirí an SSE Airtricity League a gcuid tacaíochta d'fheachtas feasachta pláitíní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann trí t-léinte bolscaireachta a chaitheamh le linn réamhaclaíochta agus bandaí rosta plaitíní a chaitheamh le linn cluichí iomaíocha le linn na bliana.

Tá SFÉ ag déanamh urraíochta ar chluichí sraithe baile mar iarracht chun feasacht ar an ngá le deonú fola a chur chun cinn. Chaith oifigigh chluiche agus réiteoirí an FAI crios muinchille "Give Blood" a bhí brandaithe go maith agus an-sofheiceálach ag gach cluiche sraithe.

## Feachtas fógraíochta “Corn do mhuinchillí”

Bhí soláthar fola na hÉireann faoi bhrú mór i ndeireadh 2015 de bharr srianta deonaithe a cuireadh i bhfeidhm i gcás deontóirí baineanna áirithe.

D'fhorbair SFÉ agus a gníomhaireacht chruthaitheach chomhpháirtíochta feachtas glic cumarsáide chun daoine a spreagadh, iarracht ar leith a dhéanamh, fuil a thabhairt, d'ainneoin na saincheisteanna clinice a bhí roimh an eagraíocht. Ba chumarsáid shaincheaptha é seo a bhí dírithe ar dheontóirí déimeagrafaigh áirithe.

Go luath tar éis don fheachtas a bheith seolta, tháinig an leibhéal deonachán ar ais chuig an gnáthleibhéal nó gar dó, rud a chiallaigh nach raibh ar SFÉ níos mó a dhéanamh go ceann tréimhse. Seoladh an feachtas seo ar ardáin chumarsáide dhigiteacha agus thraidisiúnta. Chuir SFÉ béim mhór ar na meáin dhigiteacha le linn an fheachtais seo.

## Tionscnamh Feola agus Fola

Mar chuid den fheachtas "Feola agus Fola" a seoladh in Aibreán 2015, spreag sagairt agus aoirí ó shainchreidimh éagsúla a bpobail chun spiorad na Cásca a ghlacadh chucu féin agus fuil a dheonú mar chuid de thraidisiún carthanachta na Críostaíochta. Tá áthas orainn i SFÉ go bhfuil tacaíocht na n-eaglaisí againn chun feasacht dháiríre ar an ngá leanúnach le deonú fola a scaipeadh, agus chun cur ar ár gcumas na pobail a shroicheadh sa chaoi go gcoimeádfar an soláthar fola ag teacht chuig ár n-ospidéil ar fad.

Cuireadh tús leis an bhfeachtas Feola agus Fola sa Ríocht Aontaithe chun méadú a dhéanamh ar líon na ndeontóirí fola agus orgán, agus tá an feachtas á spreagadh in Éirinn anois. Mar chuid de sheoladh an fheachtais, cuireadh ribín bronntanais dearg timpeall ar Ard-Eaglais Naomh Pádraig chun béim a chur ar dheonú orgán agus fola mar bhronntanas agus chun deonú a spreagadh.

# Comhchodanna agus Seirbhísí Ospidéil

Ba bhliain chruógach í 2015 don fhoireann ar fad i roinn na gComhchodanna agus na Seirbhisí Ospidéil. Cuireadh i bhfeidhm trí cinn de spriocanna straitéiseacha móra na heagraíochta, mar atá liostaithe thíos.

- Tugadh mór-ríomhchóras SFÉ, eProgesa, isteach.
- Cuireadh lipéadú lán-aghaidhe comhchodanna fola i bhfeidhm trí úsáid SFÉ128.
- Aistríodh chuig próiseáil ar shuíomh amháin san Ionad Fola Náisiúnta.

Bhí tionchar mór ag na hathruithe thuas ar na hoibríochtaí go léir laistigh den roinn. Ó thús na bliana, bhí comhaltaí foirne ag ullmhú pleananna bailíochtaithe, ag cur tástála i gcrích, ag traenáil ball foirne agus ag plé le cur i bhfeidhm an chórais.

## Ríomhchóras eProgesa

Ar 6 Meán Fómhair, rinneadh uasghrádú ar an bpríomhchóras ríomhaire ó Progesa go eProgesa, an mór-ríomhchóras atá in úsáid chun na comhchodanna fola ar fad a phróiseáil agus a eisiúint. Bhí tionchar mór agan athrú seo ar an tsaotharlann. .

## Cóid Tháirge 128 SFÉ

Is eagraíocht neamh-rialtais í an ICCBBA (International Council for Commonality in Blood Banking Automation) a dhéanann bainistiú ar fhorbairt agus atá freagrach as SFÉ 128 a cheadúnú. Is caighdeán domhanda é seo a éascaíonn aithint, lipéadú agus aistriú eolais maidir le fuil, cealla agus fíocháin daonna, mar aon le táirgí orgáin, thar theorainneacha idirnáisiúnta agus thar chórais chúraim dhifriúla. (ICCBBA 2014).Tá bunstruchtúr an chóid bunaithe ar choincheapa aicme, mionathraitheoirí agus saintréithe. (Caighdeán SFÉ 128 2014).

Athraíodh struchtúr sonraí na gcód táirge ó Codabar go SFÉ-128. Cuireadh é seo i bhfeidhm ag an am céanna leis an ríomhchóras nua. Rinneadh nuashonrú ar ainmneacha na dtáirgí ag an am céanna leis an gcódú nua. Chun an tionscadadal seo a chur i bhfeidhm, bhí comhoibriú dlúth ag teastáil idir na Comhchodanna, TF agus na saotharlanna ospidéil.


Rinneadh nuashonrú ar Mháistirchomhaid Tháirgí SFÉ chun ainmneacha agus cóid nua na dtáirgí a thabhairt san áireamh. Ba dheis é an nuashonrú seo athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar mháistirchomhaid na dtáirgí agus iad a uasghrádú dá réir.

Bhí tionchar ag cur i bhfeidhm lipéadú SFÉ 128 ar gach uile ospidéal. Ba dhúshlán mór é seo do na hospidéil mar bhí ar gach ospidéal a chóras eolais saotharlainne féin a dheimhniú agus a thástáil chun riachtanais an chaighdeáin lipéadaithe nua a chomhlíonadh. Nuair a bhí sé in am an córas nua a oibriú beo don chéad uair, bhí cuid de na hospidéil réidh le hathrú chuig an lipéad nua, ach ní raibh siad ar fad. Dóibh siúd nach raibh in ann aistriú chuig na lipéid nua, chuir SFÉ barrachód Codabar ar fáil freisin ar lipéid aistrithe nua. Ba ghá paiste a chur leis an LIMS (úsáideoirí Apex don chuid is mó) sna hospidéil sin chun tacú leis an gcóras nua, agus táthar á dheimhniú sin faoi láthair. Tá 15 ospidéal aistrithe chuig lipéadú iomlán SFÉ 128 faoi láthair agus tá 31 ospidéal ag úsáid an lipéad Codabar.

### Próiseáil in Aon Suíomh Amháin

Cuireadh deireadh le próiseáil deonaithe lánfhola in Ionad Chorcaí ar 23 Deireadh Fómhair 2015. Ina dhiaidh sin, rinneadh comhdhlúthú ar phróiseáil lánfhola i suíomh an Ionaid Náisiúnta Fola. Bhí tionchar mór aige seo ar oibríochtaí laethúla na Saotharlainne Comhchodanna. Taispeántar sa chairt seo a leanas an tionchar a bhí ag na hathruithe thuas ar an lód próiseála:

## Lánfhuil a Próiseáladh san INF




Ó 23/10/2016, beidh an tSaotharlann Comhchodanna in Ionad Chorcaí freagrach as próiseáil aifiréis pláitíní arna mbailiú sa chlinic sheasta i gCorcaigh, agus as próiseáil thánaisteach fola agus táirgí fola.

Bunaíodh aonad coinneála stoic chun soláthar a dhéanamh ar ospidéil na Mumhan. Déantar athbhreithniú ar leibhéil an stoic gach lá agus forbraíodh logartam chun a chinntiú go n-aistrítear an soláthar idir an dá ionad.


Is saotharlann theagmhasach thiomnaithe í Saotharlann Comhchodanna Chorcaí a fhreastalaíonn ar shaotharlann Chomhchodanna an INF, agus tá sí feistithe chun deileáil le tarlú gan choinne. Is é an polasaí ná 30% den stoc náisiúnta fola a choinneáil in Ionad Chorcaí mar bheart teagmhasach ar eagla go mbeadh aon fhadhb san INF.

I dteannta na spriocanna straitéiseacha, thacaigh na Seirbhísí Ospidéil le cur i bhfeidhm an chórais iompair pláitíní ó 5 Deireadh Fómhair i gcomhair soláthar gan sceidealú chuig gach ospidéal. Rinneadh é seo i gcomhar le First Direct Medical. a raibh conradh acu le FSS. Cuireadh an modh iompair plaitíní seo in ionad chóras iompair SFÉ a bhí i bhfeidhm le roinnt blianta.

Tá an tSaotharlann Comhchodanna agus ranna na Seirbhísí Ospidéil freagrach as próiseáil, lipéadú, taisceadh agus eisiúint na lánfhola agus na haifiréise pláitíní a dheontar ar bhonn náisiúnta. Ullmhaítear pláitíní taiscthe san Ionad Náisiúnta Fola chomh maith.

Tá an tSaotharlann Comhchodanna san INF freagrach freisin as roghanna a dhéanamh i dtaca le heisiúint táirgí neamhchaighdeánacha lánfhola agus ceall dearg, agus na dtáirgí pláitíní uile. Fuarthas iomlán 26,323 ordú táirge go leictreonach san INF in 2015. Ardú de 1.05% a bhí anseo ar an líon a próiseáladh in 2014.


## Orduithe Leictreonacha a Próiseáladh san INF




# Comhchodanna agus Seirbhísí Ospidéil

Próiseáladh iomlán 132,953 deonachán lánfhola go náisiúnta in 2015. As an iomlán seo, próiseáladh 69% san Ionad Fola Náisiúnta agus próiseáladh 31% i gCorcaigh.

## Deonacháin Lánfhola a Próiseáladh - 2015




## Miondealú Lánfhola a Próiseáladh de réir Ionaid - 2015





Bhí táirgeacht aifiréis pláitíní comhdhéanta de 11,012 deonachán a bailíodh agus a próiseáladh san dá ionad, 69% díobh san Ionad Fola Náisiúnta agus 31% in Ionad Chorcaí. Tháinig 21,604 dáileog ineisithe ón 10,279 deonachán aifiréis pláitíní. Is ionann seo agus ráta deonacháin 1.96 in aghaidh dáileoige, ráta a mhéadaigh go 2.06 nuair a fágadh deonacháin nárbh fhéidir a úsáid go teicniúil (508 deonachán) as an áireamh.


As an 21,604 dáileog aifiréis pláitíní a ullmhaíodh agus a d'fhéadfaí a eisiúint, bhí 11,186 (51.8%) díobh oiriúnach le haghaidh úsáid nua-naíoch, agus 10,418 (48.2%) díobh oiriúnach le haghaidh úsáid do dhaoine fásta amháin.

Ullmhaíodh iomlán 5,556 plaitín comhroinnte san Ionad Fola Náisiúnta.

## Aifiréis Pláitíní a Próiseáladh




## Pláitíní a Próiseáladh de réir Ionaid



Dáileadh na táirgí déanta go náisiúnta de réir an tábla thíos:

| | |
|---|---|
| Riastap 1g | 6469 |
| Octaplex 500 | 22 |
| LG Octaplas O | 10470 |
| LG Octaplas A | 5690 |
| LG Octaplas B | 1842 |
| Uniplas | 1225 |
| Rhophylac | 1 |


## Iompar

I measc fheidhmeanna chléireach tiomána SFÉ, tá air/uirthi gach deonachán fola ó gach clinic a iompar chuig an Ionad Fola Náisiúnta gach oíche. I mbliana, bailíodh 132,953 deonachán lánfhola timpeall na tíre. Is iad cléirigh tiomána an chéad phointe teagmhála a bhíonn ag deontóirí agus iad ag clárú mar dheontóirí. Tá siad freagrach as baill foirne agus fearas a iompar chuig na clinicí deonaithe. In 2015, rinneadh athsholáthar ar veaineanna cuisnithe agus busanna foirne soghluaiste.


| Fuil, Comhchodanna Fola agus Táirgí Fola a Eisíodh | | |
|---|---|---|
| Táirge | 2015 | 2014 |
| Cealla Dearga agus Lánfhuil | 125,325 | 124,233 |
| Pláitíní - Dáileoga Teiripeacha | 22,666 | 22,412 |
| Plasma Reoite | 19 | 55 |
| Octaplas | 19,147 | 20,392 |
| Crióidheascán | 139 | 111 |
| Riastap | 6,456 | 5,490 |
| Plasma le haghaidh Úsáid IVD (Lítir) | 7,907 | 9,998 |

# Staidreamh Deontóirí

## Deontóirí 2014 i gcomparáid le 2015





## Deonacháin Lánfhola de réir Deontóirí 2015





Líon na nDeontóirí (Nóta: tá deontóirí a dheonaíonn fuil 4+ huaire ar an bpainéal haemacrómatóise)


## Líon deontóirí in aghaidh an mhíle daonra




## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Aoise




## Deontóirí Lánfhola de réir Grúpa Fola



# Tástáil



# TAN

## An tSaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN)

Tá an tSaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN) suite ag an INF agus cuireann sí tástáil náisiúnta mhóilíneach ar dheonacháin fola ó gach ionad de SFÉ ar fáil. Braitheann TAN leibhéil thar a bheith íseal de RNA/ADN víreasach a bhfuil an seans ann nach mbeidís braite trí na measúnuithe reatha formheasta séireolaíocha i rith na gcéimeanna is luaithe d'ionfhabhtú, is é sin, tréimhse na fuinneoige réamh-shéireachomhshó.

Déanann saotharlann TAN Deonachán Indibhidiúil (DI) -TAN trí úsáid ardán Panther i gcomhar le measúnacht Ultrio Elite. Is córas dúnta uathoibríoch iomlán é an gaireas Panther a dhéanann tástáil TAN trí iliomad measúnuithe. Is measúnú ilphléacsach Ollmhéadaithe trí Mheán Tras-Scríofa (OMT) é measúnú Procleix Ultrio Elite chun Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna Chineál 1 agus 2 (HIV-1/2) RNA, víreas Heipitíteas C (VHC) RNA agus víreas Heipitíteas B (VHB) DNA a bhrath i bplasma daonna. Tugadh isteach measúnacht Ultrio Elite mar mheasúnacht thríphléacsach tríú glúin chun íogaire i leith VEID cineál 2 RNA a bhrath a chur san áireamh go sonrach ar chóras Panther.

Braitheann measúnú Procleix le haghaidh Víreas na Níle Thiar (VNT) RNA VNT leibhéil ísil go hiontaofa i ndeonacháin fola trí ardán Panther. Sular tugadh seo isteach, cuireadh siar deonadh fola na ndaoine sin a thaisteal go háit bhaolach VNT le 28 lá anuas. Tugadh isteach tástáil roghnach deonacháin fola ar VNT mar mhalairt ar an gcur siar geografach deontóirí 28 lá ó 2 Meitheamh 2015 go 3 Eanáir 2016.

In 2014 rinne saotharlann TAN staidéar taighde chun feidhmiú mheasúnachta víreas Procleix Heipititeas E ar ghaireas Panther a mheas agus chun tarluithe HEV RNA i ndeontóirí Éireannacha a fháil amach. Bunaithe ar staidéir taighde SFÉ, tá séirealeitheadúlacht frith-IgG HEV 5.3% táscach go raibh fabhtú ann cheana, agus is é leitheadúlacht víréime HEV ná 1 as 5,000 deontóir Éireannach. Tá marc CE ar an measúnacht Procleix HEV agus cruthaíonn an luacháil seo gur measúnú oiriúnach é chun samplaí deonacháin fola a scagadh don HEV RNA. Tá maoiniú ceadaithe ag an Roinn Sláinte chun tástáil HEV RNA uilíoch ar dheonacháin SFÉ a thabhairt isteach le haghaidh tréimhse 3 bliana ar dtús. Cuireadh an tionscadal seo i bhfeidhm Dé Luain 4 Eanáir 2016.

Cinntíonn Rialú Cáilíochta Tástála TAN monatóireacht chruinn ar leochaileacht anailíseach agus in-atáirgtheacht ó thaobh measúnú scagthástála fola TAN de. Úsáidtear samplaí Rialaithe Sheachtraigh Cáilíochta (RSCanna) chomh maith chun monatóireacht a dhéanamh ar oilteacht agus comhsheasmhacht theicniúil in íogaire baisceanna imoibrithe. Cuimsíonn measúnachtaí Grifols Procleix Calabróirí agus Rialú Inmheánach (RI). Úsáidtear RI chun próiseáil samplaí, aimpliú agus céimeanna braite a rialú, agus úsáidtear é le cinntiú go bhfuil gach próiseas tástála déantúsóra á n-oibriú i gceart. Caithfidh sonraí calabróra cloí le sonraíochtaí measúnachta. Ghlac saotharlann TAN páirt in iliomad Scéimeanna Measúnacht Cáilíochta Seachtraí (SMCS) in 2015 agus níor tuairiscíodh aon neamhréir. Ligeann comparáidí idir saotharlanna trí úsáid bhogearraí EDCNet (An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha agus Séireolaíochta, SNT, an Astráil, www.nrlqa.net) dúinn athbhreithniú piaraí a dhéanamh le húsáideoirí eile Panther/Ultrio Elite agus WNV ar fud an domhain. Tá an tsaotharlann TAN tiomanta d'fheabhsú leanúnach an phróisis TAN, mar is léir ó na gníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar Thuairiscí Teagmhas Cáilíochta agus Tuairiscí Iniúchóireachta Inmheánaí.

# An tSaotharlann Diagnóisice ag an INF

## An tSaotharlann Diagnóisice san INF

Cuireann an tsaotharlann diagnóisice san INF seirbhísí Imdhíon-haemaiteolaíochta Ceall Dearg agus Réamhbhreithe ar fáil d'ospidéil ar fud na tíre.

Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá:

- Feinitíopáil ceall dearg (nuair nach bhfuil aonaid feinitíoptha le fáil ar an tseilf)
- Soláthar fola trasmheaitseáilte d'othair a bhfuil antasubstaint chasta acu, agus d'ospidéil nach bhfuil Saotharlanna Aistrithe Fola iontu.
- Imscrúdú antasubstaintí ceall dearg
- Imscrúdú Frithghníomhartha Haemalaíocha Aistrithe Fola
- Tíopáil ABO/R, lena n-áirítear imscrúdú ar aimhrialtachtaí grúpaí fola.
- Imscrúdú ar othair trí thástálacha dearfacha díreacha antaglóbailine
- Imscrúdú Ainéime Uath-imdhíonachta Haemalaíche.
- Imscrúdú Galair Haemalaíoch an Fhéatais agus an Leanbh Nuabheirthe (GHFBN)
- Scagthástáil Réamhbhreithe ar antasubstaintí ceall dearg chun toirchis atá i mbaol a aithint. (Cuimsíonn sé seo cainníochtú Frith-D, frith-c agus toirtmheascadh antasubstaintí atá suntasach go cliniciúil)
- Soláthar fola oiriúnaí ag an mbreith i gcás na dtoircheas i mbaol
- Comhairle eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil
- Feinitíopáil sínte d'othair a bhraitheann ar aistriú fola agus d'othair a bhfuil antasubstaint chasta ceall dearg iontu.
- Fuil neamhchoitianta a allmhairiú d'othair ainmnithe.

### Gníomhaíocht saotharlainne

Cuireadh 2374 sampla ar aghaidh chuig an tsaotharlann Diagnóisice in 2015. B'shin ardú 8.9% i gcomparáid le 2014. Bhí ardú ar an líon samplaí i ngach catagóir, go háirithe cainníochtú frith-C (58.4%), tástáil chomhoiriúnachta chasta (11.3%) agus aithint antasubstainte (11%).

| | Líon iomlán samplaí a tástáladh | Saothrú Chineál RhD | Antasubstaint ID | Cainníochtú frith-D | Cainníochtú frith-C | Tástáil Chomhoiriúnachta Iomlán | Tástáil Chomhoiriúnachta Chasta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2014** | 2180 | 175 | 1956 | 610 | 154 | 419 | 355 |
| **2015** | 2374 | 184 | 2171 | 643 | 244 | 441 | 395 |
| **Ardú (%)** | 8.9% | 5% | 11% | 5.40% | 58.4% | 5.20% | 11.30% |

## Comparáid idir uimhreacha samplacha 2014 agus 2015

Mar atá tarlaithe i mblianta roimhe seo, tá ardleibhéal leanúnach de shamplaí á bhfáil atá deacair go séireolaíoch nó atá neamhchoitianta. Aithníodh na halla-antasubstaintí deacra nó neamhchoitianta seo a leanas tríd an INF in 2015. Frith-Ch/Rg (3), frith-H (2), frith-Inb (1), frith-Lub (1), frith-U (1), CR1-gaolta (5), Rh-gaolta (1), cineál-HTLA (11), frith-Yka (1).

Othair réamhbhreithe ab ea go leor de na hothair sin. I gcomhar leis an antasubstaint a aithint, bhí bainistiú le déanamh maidir leis an riosca GHFBN agus le riachtanais fola don mháthair agus don leanbh. Bhí rath ar na torthaí go léir go dtí seo.

Tá an tsaotharlann tar éis fardal Cealla agus Antaiséirim Tagartha Neamhchoitianta a fhorbairt (trína ballraíocht sa Líonra Malartaithe Idirnáisiúnta Séiream, Ceall agus Leachta Neamhchoitianta (SCLN) agus i Malartán Ceall an RA) agus tá sí tar éis barrfheabhsú a dhéanamh ar a modheolaíochtaí tástála le dul in oiriúint do dhéimeagrafaic athraitheach dhaonra na hÉireann. Bhí sé mar thoradh air seo go bhfuil laghdú ollmhór tar éis teacht ar líon na samplaí a atreoraíodh ó Shaotharlann Diagnóisice an INF chuig an tSaotharlann Tagartha Idirnáisiúnta Grúpaí Fola (STIGF) le leathscór bliain anuas, go dtí an 3 shampla atá ann faoi láthair le haghaidh deimhniú antasubstainte in 2015.

## Allmhairiú Fola Neamhchoitianta/Táirgí

Allmhairíodh iomlán 24 aonad ceall dearg ón iasacht in 2015 d'othair ainmnithe.

## eProgesa

Bhí ról lárnach ag an Roinn Diagnóisice i dtaca leis an gcóras nua TFE (BEC) a chur i bhfeidhm, mar atá, eProgesa.

## Rannpháirtíocht i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Seachtraí

Bhí an tsaotharlann Diagnóisice páirteach in 3 scéim dearbhaithe cáilíochta éagsúla. Bhí ceithre chleachtadh in SMSCÉ (IEQAS) agus in 'AQQAS', agus 10 gcleachtadh in SNMSC, agus bhí siad go léir sásúil.

## Aonaid ceall dearg a allmhairíodh ón iasacht

| Antasubstaint | Sonraí Cáis | Aonaid | Foinse |
|---|---|---|---|
| Frith-U | Seachadadh Pleanáilte | 2 | FTSNS i Tooting (1)<br>Cumann Croise Deirge Fhilideilfia Mheiriceá (1) |
| Frith-H | Seachadadh Pleanáilte | 2 | FTSNS i Learpholl (1)<br>FTSNS i Tooting (1) |
| Frith-c<br>Feinitíopa (r'r') | Cás leighis | 20 | FTSNS i Learpholl (13)<br>Sanquin Amstardam (7) |

# Diagnóisice Ionad Chorcaí

## Ionad Diagnóisice Chorcaí

Cuireann an tsaotharlann diagnóisice ag IRAFM gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil. Na gnáthsheirbhísí, cuirtear ar fáil iad d'Ospidéal Ollscoile na hOtharlainne Theas (OOOT), d'Ospidéal Naomh Fionnbarra, don Ospidéal Príobháideach Mater i gCorcaigh agus d'Ospidéal/Ospís Ollscoile Chnoc Mhuire; cuirtear na seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil do Réigiún na Mumhan. Bíonn Eolaithe Leighis agus oifigigh seachadta ar an láthair 24 uair in aghaidh an lae, seacht lá in aghaidh na seachtaine, agus tacaíocht á cur ar fáil dóibh ag Foireann Speisialtóra Leighis agus Haemaiteolaí Comhairleach.

Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá:


- Feidhmiú mar Bhanc Fola do roinnt ospidéil chathrach: Déanann IRAFM grúpáil fola, scagthástáil antasubstaintí, agus soláthraíonn siad cealla dearga trasmheaitseáilte agus comhchodanna eile d'othair ar leith. Soláthraíonn sé comhairle saotharlainne agus cliniciúla do na hothair seo. Déanann sé imscrúdú ar na frithghníomhuithe a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar aistriúchán fola; glacann sé páirt i bpleanáil agus in athbhreithniú cleachtas bainistíochta agus aistriúcháin fola d'othair trí choistí agus iniúchadh fuilaistriúcháin na n-ospidéal; agus déanann sé bainistiú ar inrianaitheacht comhchodanna.
- Ina ról mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn IRAFM tíopáil chasta nó aimhrialta ceall dearg, tíopáil shínte d'othair atá ag brath ar fhuilaistriú, tástálacha deimhneacha díreacha antaglóbailine, ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch, galar haemalaíoch an fhéatais/pháiste nuabheirthe, agus antasubstaintí casta, agus cuireann cealla dearga sínte meaitseáilte (feinitíopáilte) agus trasmheaitseáilte ar fáil do na hothair seo. D'fhéadfaí gur gá roinnt uaireanta a chaitheamh chun samplaí ar leith a imscrúdú go hiomlán sna cásanna seo, agus seans go mbeadh gá le scagthástáil deonachán nuair nach bhfuil cealla dearga comhoiriúnacha ar fáil ar an tseilf. Ba ghá sé shampla othair a atreorú chuig speisialtóirí sa tsaotharlann tagartha idirnáisiúnta grúpaí fola (STIGF) i mBriostó. Cuirtear comhairle ar fáil do chomhghleacaithe sa réigiún.
- Agus é mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn IRAFM othair réamhbhreithe a bhfuil antasubstaintí ceall dearg iontu, agus rianaíonn sé a gcúram ar feadh an toirchis chun an fháil atá ar fhuil mheaitseáilte don mháthair agus don leanbh ag an mbreith a phleanáil.
- Bainistíonn foireann na Saotharlainne Diagnóisice an stoc comhchodanna speisialta don réigiún. Cuimsíonn sé seo gach comhchuid pláitíní agus gach ordú a fhaightear tríd an gCóras Orduithe Leictreonacha maidir le cealla dearga tíopa antaigine, comhchodanna fola ionradaithe agus comhchodanna fola do linbh.
- Ina ról mar eolaithe a bhíonn ar dualgas iar-ama, cuireann eolaithe na saotharlainne diagnóisice leis an tseirbhís trí phróiseáil thánaisteach a dhéanamh ar chomhchodanna fola agus trí dhéileáil le hathghairmeacha, agus

is iad an chéad phointe teagmhála le haghaidh fiosruithe cliniciúla a chuirtear ar aghaidh ansin go dtí an fhoireann leighis.

- Bhí an fheidhmíocht i Scéimeanna Seachtracha Measúnachta Cáilíochta sásúil i rith na bliana, agus d'fhreastail an fhoireann ar chruinnithe Chumann Fuilaistriúcháin na Breataine (CFB), SNSMC agus SMSCÉ.

Iomlán na samplaí a fuarthas in 2015: 3075 (2014:3655)

## Gníomhaíocht IRAFM Diagnóisice in 2015



# An tSaotharlann Víreolaíochta

Is é feidhm na Saotharlainne Víreolaíochta ná scagthástáil ollmhór ar dheonacháin fola le haghaidh galar atá in-tarchurtha le linn aistrithe fola.

Faigheann an tsaotharlann Víreolaíochta sampla séirim théachta ó gach deontóir, agus é tógtha ag am an deonacháin, rud a aithnítear le haitheantóir barrachóid uathúil, agus iompraítear gach sampla ó na clinicí do dheontóirí fola go dtí an INF thar oíche agus déantar tástáil orthu an lá dár gcionn.

Déantar tástáil ar an sampla le fáil amach an bhfuil marcóirí víreasacha ar leith ann a d'fhéadfaí a tharchur trí aistriú fola. Tástáladh tuairim is 143,135 sampla deonacháin in 2015, mar aon le 2,069 sampla céaduaire ó dhaoine nár dheontóirí iad.

Déantar na tástálacha séireolaíochta seo a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta agus tá siad éigeantach i gcás na ndeonachán go léir.

- antaigin dromchla Heipitíteas B (HBsAg) agus antasubstaint in aghaidh phríomh-antasubstaint Heipitíteas B
- antasubstaint in aghaidh an Víris Easpa Imdhíonachta Daonna 1/2
- antasubstaint in aghaidh víreas Heipitíteas C
- antasubstaint in aghaidh Víreas Daonna T-Lymphotropic I & II
- antasubstaint in aghaidh Treponema Pallidum, gníomhaí cúiseach Gallbholgaí

Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) ionas go mbíonn soláthar deonacháin Cítimeigilivíris dhiúltaigh ann do na hothair siúd a bhfuil sé de dhíth orthu m.sh. othair atá imdhíon-lagaithe.

Cuirtear lipéid ar na comhchodanna fola ón deontóir fad is atá gach tástáil críochnaithe agus go bhfaightear torthaí sásúla i saotharlanna tástála uile SFÉ.

Déantar na tástálacha seo le trealamh uathoibrithe a chloíonn le cGMP (dea-chleachtas déantúsaíochta). Déantar scagthástáil le haghaidh na coda is mó de na víris seo ar an Abbott Prism, agus fearais tástála Abbott Prism á n-úsáid, agus tá córas Prism á úsáid i SFÉ ó Mheitheamh 1997. Is uirlis scagthástála fola ardtoirte ilchainéalach é Abbott Prism atá uathoibrithe go hiomlán, agus é ceaptha go sonrach don mhargadh scagthástála deonacháin fola. Cloíonn sé go hiomlán leis an dea-chleachtas déantúsaíochta (GMP) agus is féidir leis 180 sampla a phróiseáil san uair.

Déantar scagthástáil le haghaidh Bolgaí agus Cítimeigilivíris (CMV) ar phróiseálaí DiaSorin ETImax.

Déanann an tsaotharlann scagthástáil chomh maith le haghaidh marcóirí víreasacha do rannóga éagsúla i SFÉ, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíochán comhla croí agus samplaí ó chláir tástála rianaithe faighteoirí.

Tá an tsaotharlann Víreolaíochta freagrach chomh maith as atreorú agus tuairisciú samplaí frithghníomhacha athuaire (TAN san áireamh) ó na cláir do dheontóirí agus do dhaoine nach deontóirí iad chuig an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta Víreas (STNV) agus an tSaotharlann Lárnach Paiteolaíochta (SLP) in Ospidéal San Séamas le haghaidh tástáil deimhniúcháin/bhreise.

Caithfidh an tSaotharlann Víreolaíochta a chinntiú go mbaintear feidhmíocht ionchasach amach i gcás measúnachtaí trí bhaiscthástáil inghlacthachta chuí a

dhéanamh, agus trí chaighdeáin ón Institiúid Náisiúnta Caighdeán agus Rialúchán Bitheolaíochta sa Ríocht Aontaithe a úsáid, mar aon le rialúchán ilmharcóra ón tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Séireolaíochta san Astráil (an SNT, an Astráil), "Acrometrix Q Connect Yellow," mar rialúcháin ceadaithe/diúltaithe ar gach rith tástála. Úsáidtear na caighdeáin rialaithe cáilíochta seo chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na feidhmíochta tástála trí rialú próiseas staidrimh go laethúil, agus de réir a chéile, mar mhonatóir siarghabhálach ar fheidhmíocht baisceanna. Bíonn an tsaotharlann páirteach i gclár monatóireachta a ligeann do SFÉ comparáid a dhéanamh idir torthaí anseo agus in Ionaid Fola sa Ríocht Aontaithe.

Tá an tsaotharlann páirteach chomh maith sa chlár faireachais atá á reáchtáil ag Aonad Eipidéimeolaíochta Fhuil agus Thrasphlandú na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte (FTSNS)/Gníomhaireacht um Chosaint Sláinte sa RA. Déantar monatóireacht ar na rátaí frithghníomhaithe athfhilltigh agus na rátaí deimhnithe dearfacha le haghaidh fearais tástála trí uimhreacha éagsúla míre imoibrithe le FTSNS a úsáid. Gintear tuairisc mar fhógra a shonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí sna rátaí frithghníomhaithe.

Glacann an tsaotharlann Víreolaíochta páirt i dtrí chlár oilteachta, ceann amháin a bhíonn scaipthe ag Seirbhís Náisiúnta Measúnaithe Sheachtraigh Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (SNMSC RA) le haghaidh Micreabhitheolaíochta, an dara ceann ag an SNT, an Astráil, agus ceann eile ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (SECLCS).

Rinneadh tástáil Víreolaíochta uile SFÉ in Éirinn a chomhdhlúthú san Ionad Náisiúnta Fola i mBaile Átha Cliath i mí Meitheamh 2012, agus tá plean tástála teagmhasachta seachtraí ag SFÉ i gcomhar le Seirbhís Fuilaistriúcháin Náisiúnta na hAlban (SFNA) ar eagla go dtarlódh teip mhór agus nach mbeadh an tsaotharlann víreolaíochta in ann cuid áirithe/ar bith de na torthaí reatha éigeantacha Víreolaíochta a chur ar fáil. Bíonn an plean seo á thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana trí líon beag samplaí a sheoladh chuig SFNA le haghaidh tástáil Víreolaíochta. Níor ghá plean tástála teagmhasachta seachtraí an SFNA a chur i bhfeidhm i rith 2015.

**“Rinneadh tástail ar thart ar 143,135 sampla deonacháin agus 2,069 sampla tástála céaduaire ó neamhdheontóirí in 2015.”**

# SNTHI

## An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI)


Cuireann an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI) réimse cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla ar fáil le tacú leis na cláir thrasphlandaithe gascheall fuilghinte allataigineach (TGFA) ag Ospidéal San Séamus agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Is féidir TGFA a úsáid chun leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn a chóireáil.

Cinneann an tsaotharlann cineál Antaigin Leocaicíte Dhaonna (ALD) gach othair agus deontóra (gaolmhar nó neamhghaolmhar) roimh thrasphlandú le cabhrú le roghnú deontóirí. Úsáideann an tsaotharlann modhanna atá go hiomlán móilíneach agus iad bunaithe ar an Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (ISP) chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní ALD a shainmhíniú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach, rud a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte ALD.

Tá clár cuimsitheach dearbhaithe cáilíochta ag an tsaotharlann, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir inmheánacha agus sheachtracha thástála oilteachta le haghaidh tíopáil ALD, Géinitíopáil Antaigin Pláitíní Dhaonna (APD) agus imscrúduithe antasubstainte ALD. Tá an SNTHI creidiúnaithe ag an gCónaidhm Eorpach um Imdhíon-ghéinitic (CEI) ó 2001.

Rinne an SNTHI tíopáil ALD in 2015 ar shamplaí ó 227 othar Éireannach le haghaidh trasphlandú

### Líon na nOthar Éireannach a fuair TGFA ó Dheontóir Neamhghaolmhar ó 2006 go dtí 2015




féideartha gascheall fuilghinte agus rinne siad tíopáil ALD ar a ngaolta chomh maith in 2014. I gcás na n-othar sin nach bhfuil deontóir oiriúnach muinteartha acu, is féidir deontóir nach gaol é/í a aithint ón gclár deontóirí deonacha. Cuireann an SNTHI seirbhís tacaíochta imdhíon-ghéinitice ar fáil do Chlár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ), agus rinne an tsaotharlann tíopáil ALD in 2015 ar 1337 deontóir deonach nua le cur leis an gclár.

Le 10 mbliana anuas, tá an CSNÉ tar éis 364 trasphlandú neamhghaolmhara a sholáthar d'othair Éireannacha. Rinneadh ceithre oiread trasplanduithe neamhghaolmhara deontóra in Ospideal San Séamas agus in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn in 2015 (n=52) i gcomparáid le 2006 (n=13). Rinneadh tríocha sé trasphlandú deontóra siblínigh freisin idir an dá ionad trasphlandaithe, le 86 trasphlandú gaschealla fuilghinte san iomlán.

Cuireann an SNTHI seirbhís rialta tíopála ALD gaol galair ar fáil chomh maith. Rinneadh 52% de na himscrúduithe a rinneadh in 2015 tríd an tseirbhís seo. Bíonn an chuid is mó de na samplaí tarchurtha le fáil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil HLA-B27 iontu, rud a bhaineann le Spondailíteas Ancalósaithe; galar pianmhar forásach réamatach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go príomha.

Chomh maith leis sin, cuirtear seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní d'imscrúdú séireolaíoch trombaicítipéine nua-naíche alla-imdhíonaí (TNA), Galar Corcra Iar-Fhuilaistrithe (GCIF), athraontóireacht pláitíní, trombaicítipéiní alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha tromchúiseacha díobhálacha ar fáil. Tá líon na n-imscrúduithe TNA mar an gcéanna le líon 2014.

## Dáileadh Imscrúduithe SNTHI




Bhí iomlán 266 deontóir pláitíní de chineál HLA-A agus -B, agus cuireadh iad san áireamh ar an bpainéal deontóirí pláitíní ar mhaithe le tacú le soláthar táirgí barrmhaith pláitíní do na hospidéil.


# Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí

## Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí

Bíonn an Ghrúpáil Uathoibrithe Deontóirí ar a dícheall i gcónaí chun na teicnící tástála is déanaí agus is leochailí atá ar fáil a thabhairt isteach. Baintear seo amach trí thaighde aonair, nó trí thionscadail a dhéantar mar chuid de staidéar breise. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn na hathruithe seo sábháilteacht táirgí fola, ach méadaíonn siad éifeachtúlacht soláthair táirgí ceall dearg ina bhfuil feinitíopaí neamhchoitianta nó casta, mar fhreagra ar iarratais ar leith ó ospidéil.

Tástáladh breis is 145,000 deonachán in 2015, agus thug deontóirí nua 10,673 (7.3%) díobh seo. Is féidir minicíochtaí na gcineálacha fola in Éirinn a mheas leis na torthaí a fhaightear ó dheontóirí nua a thástáil.

### Fuilghrúpaí i measc Deontóirí Nua in 2015




Amach ó na tástálacha riachtanacha séireolaíocha a dhéanamh (scagthástáil ABO, RhD agus antasubstaintí), déanann an tsaotharlann scagthástáil agus tíopáil rialta ar dheontóirí ar mhaithe leis na feinitíopaí atá níos neamhchoitianta nó comhcheangail tíopaí a aimsiú, rudaí a d'fhéadfadh a bheith de dhíth in éigeandáil. Rinne an tsaotharlann breis is 141,000 cineál antaigine eile in 2015 agus chuir sí fuil thíopáilte ar fáil d'orduithe rialta ospidéil, mar aon le haistriú ionútarach agus iarratais éigeandála ar aonaid antaigine diúltaí níos casta.

Bíonn an tsaotharlann ag déanamh scagadh leanúnach ar aonaid d'othair le hiliomad antasubstaint nó ar aonaid atá oiriúnach d'aistriú ionatúrach, agus déileáiltear le 10 gcás mar sin ar an meán gach lá.

Tá trí thionscadal leanúnacha ar siúl faoi láthair chun deontóirí a bhfuil cineálacha neamhchoitianta antaigine iontu a aithint. Is éard atá sa chéad cheann acu ná tionscadal náisiúnta scagthástála chun deontóirí Kpb dhiúltaigh a aimsiú. Tá gá leis seo toisc go ndearnadh iarratais roimhe seo ar an gcineál fola neamhchoitianta sin, rud a chiallaigh gur ghá aonaid oiriúnacha a allmhairiú. Ba chóir go mbeadh minicíocht a leithéid d'aonaid Kpb dhiúltaigh ar ráta 1:5000 agus tá an tionscadal chun scagthástáil a dhéanamh ar aonaid Rh D Diúltach ag gabháil ar aghaidh anois le trí bliana. In 2015, aithníodh an chéad deontóir leis an gcineal neamhghnách antaigine seo mar dheontóir O Rh D Diúltach.

Tá an dara tionscadal beagnach críochnaithe anois, agus is é is aidhm dó ná painéal deontóirí k (cellano) dhiúltaigh a fhorbairt (minicíocht 1:1000). Aithníodh breis is 200 deontóir go dtí seo agus cuireadh iad ar phainéal a bhí roghnaithe go speisialta. Beifear in ann déileáil le haon iarratas ar fhuil dhiúltach k trí úsáid a

bhaint as an stoc atá ann cheana, nó is féidir iarraidh ar dheontóirí ar leith den ghrúpa cuí ABO nó feinitíopa Rh teacht isteach chun deonú leis an iarratas a líonadh.

Chuimsigh an tríú tionscadal a tionscnaíodh in 2013 úsáid fearas nua tíopála páirtí RhD atá ann chun deontóirí a bhfuil tíopa athraitheach RhD iontu a bhrath. Bhí sé seo mar fhreagra ar aimsiú deontóra a bhí tíopáilte a bheith Rh D diúltach roimhe seo, ach fuarthas amach go raibh athraitheach lag RhD thar a bheith neamhchoitianta ann (cineál 10). D'fhág sé seo go raibh RhD dearfach an-lag sa deontóir seo, agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith air sin dá n-aistreofaí an t-aonad go fíor-fhaighteoir RhD diúltach. Is gnách go mbíonn antaigin Rh C nó antaigin Rh E níos neamhchoitianta sna cineálacha neamhchoitianta laga RhD seo chomh maith. Mar sin, maidir le gach cás RhD dhiúltaigh a bhí deimhneach freisin d'antaiginí RhC nó RhE, díríodh air i gcomhair scagthástála.

Tá an tionscadal seo beagnach críochnaithe anois agus beifear ag déanamh imscrúdú leanúnach ar dheontóirí nua leis an feinitíopa Rh. Go dtí seo, táthar tar éis 12 dheontóir le cineálacha RhD lag neamhghnách a aithint.

Glacann an tSaotharlann Ghrúpála Uathoibrithe páirt i dtrí chineál scéim measúnachta cáilíochta seachtraí, a chuimsíonn taisceadh 15 chleachtadh shéireolaíochta gach bliain, 6 chleachtadh haemaglóibine neamhghnácha agus suirbhé mór idirnáisiúnta a chlúdaíonn gach gné de thástáil séireolaíochta na saotharlainne.

Déantar monatóireacht ar inniúlacht na foirne trí úsáid na scéimeanna seo, agus cuimsíonn sí seo tástáil samplaí trí theicnící uathoibrithe agus láimhe araon. D'éirigh le foireann na saotharlainne cruinneas 100% a bhaint amach i Scéim Náisiúnta Measúnacht Cáilíochta Seachtraí na Ríochta Aontaithe (SNSMC RA) ó cláraíodh an tsaotharlann don chéad uair in 2008.

Déantar an dara scéim a chur i gcrích uair sa bhliain agus cuimsíonn sí seo gach gné de shéireolaíocht deontóirí, grúpáil ABO, tíopáil RhD, scagthástáil / aithint antasubstaintí agus tíopáil antaigine eile. Is suirbhé idirnáisiúnta í an scéim seo den Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasanna agus Cúram Sláinte ar chaighdeáin saotharlainne. D'éirigh leis an tsaotharlann Ghrúpála Deontóirí cruinneas 100% a bhaint amach i ngach tástáil a rinneadh agus bhí sí sa 5% is airde as na saotharlanna a bhí sa suirbhé.

Ós rud é gur áis náisiúnta tástála í an tSaotharlann Ghrúpála Uathoibrithe Deontóirí, tá plean tástála seachtraí ag SFÉ le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban ar eagla go dteipfeadh go tubaisteach ar na meaisíní ar an láthair. Déantar an plean teagmhasachta a thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana (3 huaire san aer agus uair amháin ar an bhfarraige) trí cheithre shampla is fiche a sheoladh le bheith tástáilte. Tástáladh an teagmhasacht in 2015 agus bhí dea-thorthaí air seo, agus níor ghá an plean seo a ghníomhachtú i bhfíorchás ó cruinníodh an tástáil san Ionad Náisiúnta Fola in 2010.

# Seirbhísí Eile



# An Banc Fíocháin

## An Banc Fíocháin

Is foras fíocháin ceadúnaithe (TE-12) san INF é an banc fíocháin faoin Treoir maidir le Fíochán agus Cealla 2004/23/EC a leagann amach caighdeáin feabhais agus sábháilteachta maidir le deonú, soláthar, tástáil, próiseáil, caomhnú, stóráil agus dáileadh fiocháin agus ceall daonna. Déanann an tÚdarás Rialaithe Táirgí Sláinte cigireacht ar an mbanc gach dara bliain. Bainistíonn an banc fíochán súilphíosa, comhlaí croí agus roinnt fíocháin matánchnámharlaigh ar bhonn náisiúnta.

Ar na táirgí a chuirtear ar fáil, tá coirní, do ghnáthaimh DSAEK agus PK araon, scléara, aimnian, peireacairdiam agus fascia lata. Allmhairítear na táirgí sin ar fad ó na Stáit Aontaithe. Allmhairítear craiceann daonna ó Barcelona sa Spáinn. Anuas air sin, cuireann SFÉ braonta súl séirim uathlógaigh ar fáil d'othair a bhfuil fadhb mhór acu le súile tirime tar éis di iarratas a fháil ó oftailmeolaí. Bíonn próiseáil thánaisteach á déanamh ar na braonta ag an SNF i Speke, Learpholl.

Chuir an banc fíocháin isteach ar cheadúnas faoin Treoir um Tháirgí Leighis Ardteiripe in 2015 chun gaschealla coirnigh eipitéiliacha a tháirgeadh. Níor cuireadh isteach ar údarú margaíochta iomlán; féachadh díreach leis an tseirbhís a chur ar fáil faoin gclásal díolúine ospidéil.  Tá an chéad chás cliniciúil beartaithe d'Aibreán 2016.

Is conraitheoirí tríú páirtí í SFÉ ag OOMM le haghaidh próiseáil, crió-chaomhnú, agus dáileadh fíocháin dhaonna chardashoithigh. Bhí ardú ar na deonacháin don bhanc in 2015 agus is é an oifig Thrasphlandaithe Deonacháin Orgán a d'oscail in Aibreán 2015 is údar leis seo.
I mí Dheireadh Fómhair 2015, cuireadh gníomhaíochtaí an bhainc fola srince do shiblíní ar fionraí ceal acmhainní go dtí go bhfógrófar a mhalairt; ba é tasc an bhainc seo ná fuil srince a bhailiú agus a leasú go crióigineach aon uair a fuarthas iarratais chuige sin ón bhfoireann oinceolaíochta/ haemaiteolaíochta in OLCHC agus in Newcastle.

Tá tús curtha le dabhcha nítrigine leachtaí nua a shuiteáil le fíochán a stóráil, agus táthar go súil go mbeidh seo críochnaithe in 2016. Tar éis ríomhchóras nua (eProgesa) a thabhairt isteach d'fhuil, beifear ag suiteáil an mhodúil fíocháin (Mak - TCSO) ar bhonn céimnithe le linn 2016.

> **“Tá an banc freagrach as fíochán daonna a úsáidtear i máinliacht oftalmach go náisiúnta a dháileadh.”**

# Aifiréis Theiripeach

## Aifiréis Theiripeach


Cuireann an tSeirbhís Aifiréise Theiripí (SAT) in Ionad Chorcaí Aifiréis Theiripeach ar fáil d'othair i gceantar na Mumhan. Is iad na hospidéil a gcuireann an SAT seirbhís ar fáil dóibh ná Ospidéal Ollscoile Chorcaí, Ospidéal Ollscoile na Trócaire agus Ospidéal Bon Secours. Aistrítear othair as ospidéil eile sa cheantar chuig na háiseanna sin chun go bhfaighidh siad an chóireáil chuí.

Stiúrann Comhairleach Cógas Aistriúcháin an SAT, agus tugann Oifigigh Leighis Speisialtóra agus beirt altrai atá oilte ar ghnáthaimh theiripeacha cúnamh dó/di. Déantar na gnáthaimh in aice leaba an othair trí usáid fearas aifiréise soghluaiste, go háirithe an OPTIA Spectra ó Terumo. Bhain na gnáthaimh ar fad a rinneadh in 2015 le Malartú Plasma Teiripeach (MPT). Mar sin féin, tá uasghrádu déanta ar na meaisíní OPTIA chun Malartú Fuilcheall Dearg (MFD) agus Ídiú Fuilcheall Bán ÍFB) a chumasú. Oiliúint speisialaithe Cuireann Terumo oiliúint speisialaithe ar fáil chun cur ar chumas altraí SAT SFÉ soláthar a dhéanamh ar MFD agus ÍFB.

Beartaíonn an SAT prótacal aifiréise do gach othar ar bhonn aonair i gcomhar le foireann an ospidéil chliniciúil a rinne an t-iarratas agus atá i bhfeighil an othair. Tá cleachtas SAT á threorú ag 'Treoirlínte agus Táscairí Cóireála' an Chumainn Aifiréise Mheiriceánaigh (CMA - 2013) agus áirítear sa chleachtas seo treoirlínte eile a chuimsíonn iad siúd ó Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine.

Cloíonn an SAT le cáipéisíocht Dea-chleachtas Deantúsaíochta maidir le Gnáis Oibriúcháin Caighdeánacha (GOC). Tugann an SAT aird air seo agus leanann na gnáthaimh ospidéil maidir le cúram othar, gnáthaimh atá corpraithe i nGOCanna Teiripe SFÉ.

### Éileamh ar an tseirbhís ó 2012 - 2015 de réir míosa



Tá rún ag an tseirbhís a bheith rannpháirteach i mbailiú sonraí idirnáisiúnta mar is gné thábhachtach é seo de mhonatóireacht a dhéanamh ar éilimh agus treochtaí seirbhíse. Freastalaíonn foireann an SAT ar chruinnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus cloínn siad le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) de réir mar a éilítear.

Rinne an SAT 98 gnáthamh ar 17 othar i dtrí ospidéal i gCorcaigh in 2015. Mar a thaispeántar sna táblaí agus sna figiúirí a leanas, tá an t-éileamh ar SAT éagsúil agus inathraitheach. Leagtar na héagsúlachtaí amach chomh fada is a bhaineann siad le míonna, deireadh seachtainí agus iar-ama, and taispeántar iad vis-à–vis éilimh na mblianta atá thart.


### Treocht maidir le héileamh ar sheirbhísí

Taispeántar na treochtaí agus inathraitheachta i dtaca le héileamh ar sheirbhísí le blianta beaga anuas ar an leathanach roimhe seo.

### Seirbhís deireadh seachtaine, lá saoire bainc agus iar-ama

Tá cead ag othair cúram éigeandála a lorg taobh amuigh de na gnáthuaireanta má tá a ndiagnóis ina bagairt ar a mbeatha nó ar a n-orgáin. D'fhéadfadh an chlár cóireála síneadh ar feadh tréimhse deireadh seachtaine. Rinneadh 13% as na 98 gnáthamh in 2015 ag deireadh seachtainí agus 4% lasmuigh de ghnáth-uaireanta oibre. Sa léaráid thíos, taispeántar an treocht maidir le héileamh ar sheirbhísí deireadh seachtaine, lá saoire bainc agus iar-ama de réir ráithe.

## Soláthar Seirbhíse Deireadh Seachtaine, Saoire Bainc, Iar-ama 2015




# ONH


**Speisialtacht chliniciúil de réir othair agus gnáthaimh**

Tháinig formhór na n-othar (41%) isteach le riochtaí néareolaíocha, ansin fadhbanna duánaigh (29%) agus haemaiteolaíochta (24%). Tháinig sé faoin gcéad d'othair isteach faoi speisialtachtaí eile. Taispeánann an tábla thíos an céatadán othar de réir speisialtachta agus taispeánann an ceann deiridh an céatadán gnáthaimh de réir speisialtachta.

### Othair de réir Speisialtachta in 2015




### Gnáthamh de réir Speisialtachta in 2015




## An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH)

Déantar haemafhaireachas chun eolas a bhailiú agus a mheasúnú ar éifeachtaí gan coinne nó nach bhfuil inmhianaithe mar gheall ar aistriú fola, agus stop a chur leo. Tá an haemafhaireachas in Éirinn á chomhordú ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) atá lonnaithe i SFÉ. Ó bunaíodh í i 1999, tuairiscíodh iomlán 5426 frithghníomh agus teagmhas trom díobhálach mar thoradh ar aistriú fola. Oibríonn an ONH i gcomhar leis na hOifigigh Haemafhaireachais (OH) atá gníomhach in ospidéil ar fud na hÉireann, agus tacaíonn sé leo, mar aon leis na Comhairligh Leighis a bhfuil freagrachtaí haemafhaireachais orthu. Anuas air sin, coinníonn an ONH naisc le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta, tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais, agus trí Líonra Aistrithe Fola na Ríochta Aontaithe.

**Teagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha**

Rinne an ONH athbhreithniú agus ghlac sí le TTDanna éigeantacha maidir le cáilíocht agus sábháilteacht fola faoi Threoir 2002/98/EC an AE maidir le Fuil, in éineacht le TTDanna neamh-éigeantacha a bhaineann le gné chliniciúil an aistrithe fola. Tháinig na tuairiscí seo ó fhorais fola, bainc agus áiseanna fola d'ospidéil. Ag am scríofa na tuarascála seo, glacadh le 163 TTD éigeantach, agus b'shin 68% de na TTDanna ar fad. Sa bhreis air sin, glacadh le 76 TTD neamhéigeantach, a bhain go príomha le hearráidí i réimsí cliniciúla faoi fhreagracht ghairmiúil; b'shin 32% de na TTDanna ar glacadh leo in 2015.

### Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (FTDanna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha

Ag am scríofa na tuarascála seo, glacadh le 333 frithghníomh in 2015, lahgdú 52 tuairisc i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá laghdú beag tagtha ar an líon FTD Éigeantach (66) ar glacadh leo go dtí seo i gcomparáid le figiúirí 2014.

### Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Thromchúiseacha Dhíobhálacha (FBFTTD)

Ar mhaithe le cloí le Treoir 2005/61/ EC Aguisín II D agus III C ón gCoimisiún, caithfidh gach ospidéal a bhíonn ag aistriú fola agus gach foras fola FBFTTD a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an ONH. Ghlac an ONH  le dhá chéad seasca cúig tuairisc éigeantach in 2014, agus bhí tiomsú thuairisc FBFTTD 2015 ag dul ar aghaidh agus an tuarascáil seo á scríobh.

### An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS)

Is é an ÚRTS an t-údarás inniúil chun gach réimse de Threoir Fola an AE a chur i bhfeidhm, agus mar a tharla le blianta roimhe seo, tionóladh cruinnuithe rialta athbhreithnithe cásanna leis an ONH chun na teagmhais a tuairiscíodh a phlé.

### Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn an ONH le forbairt leanúnach cláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí obair go dlúth le OHanna atá bunaithe in ospidéil. Ag cloí lena shainchúram ó thaobh tacú le foirne bunaithe in ospidéil de, lean an ONH de Cheardlanna Réigiúnacha aon lae a chur ar fáil agus leanfar leis an tionscnamh sin in 2016.

### Ríomhfhoghlaim

Lean SFÉ de cheadúnú agus soláthar clár ríomhfhoghlama ‘Learnbloodtransfusion’ d'ospidéil trí LearnProNHS. Bhí an clár seo forbartha ag Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban, agus chuir an ONH agus SFÉ ábhar eagarthóra leis. Leanadh den obair in 2015 chun ábhar an chláir a chur in oiriúint chun gur féidir teacht air ar ghléasanna ‘Smartmedia’. Críochnaíodh obair ar mhodúil i dtaca le Dea-Chleachtas Déantúsaíochta d'Fhorais Fola, agus le Frithghníomhuithe Géara i gCás Aistriú Fola agus seoladh iad in 2015. Tá an chuid is mó d'ospidéil na hÉireann agus roinnt institiúidí tríú leibhéal cláraithe sa chlár. Cuimsíonn sé seo foireann ospidéil agus fochéimithe cúram sláinte in ollscoileanna áirithe atá ag gabháil do na modúil mar riachtanas cúrsa éigeantaigh.

# CSNÉ

## CSNÉ

Is teiripe tharrthála é trasphlandú ceall sinsear fuilghinte d'othair áirithe a bhfuil leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn ar leith orthu. I gcás líon mór na n-othar nach bhfuil an rogha tosaíochta acu siblíneach atá comhoiriúnach go hiomlán a úsáid, cuireann deontóir neamhghaolmhar amháin as an 27 milliún deontóir deonach atá ar fud an domhain rogha oiriúnach ar fáil.

Bunaíodh Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) in 1989 le freastal ar an ngá atá le deontóirí ceall sinsear fhuilghinte d'othair in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ó 2001, bíonn gach deontóir atá cláraithe ar an bpainéal neamhghaolmhar tíopáilte go heisiach trí mhodhanna ADN (DNA) ag an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Imdhíoneolaíochta Histea-chomhoiriúnachta (SNTHI).

Tá an clár ceadúnaithe ag an ÚRTS faoi Threoir Fíocháin 2004/23/EC an AE.

### Creidiúnú Idirnáisiúnta

Ó 1991, tá CSNÉ cleamhnaithe le Cumann Deontóirí Smeara an Domhain (CDSD), eagraíocht a shocraíonn caighdeáin oibriúcháin do chláir smeara ar fud an domhain. Bronnadh creidiúnú iomlán cláir ar CSNÉ in 2012.

### Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Cuardaíonn an clár deontóirí oiriúnacha ar phainéal na hÉireann agus ó Dheontóirí Smeara ar fud an Domhain (DSD) ar son Ionaid Trasphlandaithe na hÉireann ag Ospidéal San Séamas (OSS) agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Croimghlinn (OML). Cuireadh ochtó is a cúig (85) othar ar aghaidh chuig CSNÉ in 2015 i gcomhair cuardaigh neamhghaolmhara.

Fuair caoga a hocht othar Éireannach gaschealla ó dheontóir neamhghaolta in 2015. Ba ó dheontóirí idirnaisiúnta a tháinig a bhformhór (52).

### Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Fuarthas réamhchuardaigh ar son dhá chéad is a cúig déag (215) othar idirnáisiúnta, agus gníomhachtaíodh daichead a naoi (49) dóibh sin le haghaidh iarratas breise tástála.

### Deontóirí na hÉireann

Bíonn deontóirí smeara earcaithe ag an altra earcaíochta smeara ag clinicí deonaithe fola dhá lá in aghaidh na seachtaine. Ba é líon na ndeontóirí nua-earcaithe in 2015 ná 1121. Tá os cionn 21,000 deontóir liostaithe ar an gclárlann Éireannach anois.

Fuarthas seacht ndeonachán (7) ó dheontóirí Éireannacha, agus ba bhailiúcháin gaschealla fola imeallacha iad trí cinn acu, agus bhí smior i gceist le ceithre cinn acu.



# Cáilíocht agus Cloí




**"Is ar e-Progesa/ SFÉ128 agus ar an tionscadal próiseála in aon suíomh amháin a chur i bhfeidhm a bhíothas dírithe le linn 2015."**

# Cáilíocht agus Cloí

Ba ar an e-Progesa/SFÉ 128 agus ar chur i bhfeidhm an tionscadail próiseála suímh singil is mó a bhíothas dírithe le linn 2015. Ináirithe leis seo bhí nuashonrú cuimsitheach ar na Máistirchomhaid uile de bharr na ngnásanna athaimnithe a rinneadh ar chóid táirgí mar thoradh ar SFÉ 128 a thabhairt isteach. Ba thasc mór do SFÉ i rith na bliana é Hemospect a tharraingt amach agus teicneolaíochtaí Hemacue a chur ar ais mar gheall ar chliseadh na teicneolaíochta Hemospect nuair a oibríodh beo í.

Sa bhreis ar ghnáthchigireacht an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) rinneadh scrúdú speisialta i Samhain 2015 chun maoirseacht ar an bpróiseas a chur ar fáil. Rinneadh 11 chigireacht san iomlán in 2015, péire a chuimsigh fiochán (timthriall 2 bhliain),ceann a chuimsigh tarraingt amach Hemospect, ceithre cinn a chuimsigh clinicí, ceann le haghaidh údarású cATMP, ceann in Ionad Chorcaí, ceann san INF (cigireacht a rinneadh i Feabhra 2016 chun clár 2015 a chuimsiú) agus cigireacht neamhsceidealaithe a chuimsigh pacáistiú agus dáileadh plaitíní. Le linn na cigireachta, bhí ceithre shampla móra neamhchloí agus 26 eile ar ardaigh an ÚRTS iad.

Le linn 2015 d'éirigh SFÉ as bheith ina bhanc fola ospidéil do thrí institiúid i mBaile Átha Cliath, atá anois mar chuid den chóras ospidéil mhéadaithe anois.

Chuimsigh na cláir Iniúchta Inmheánach caighdeán 46 cigireacht san iomlán i rith na bliana, lena n-áiríodh an Foras Fola, an Foras Fíocháin, gníomhaíochtaí GDP agus ATMP. Tá ceadúnais deighilte agus idirdhealaithe á gcoimeád do gach ceann de na gníomhaíochtaí sin.

Mar thoradh ar leibhéil ghníomhaíochtaí tionscadail chomh hard sin, ardaíodh 1120 Rialúchán Athraithe agus Ordú Athraithe san iomlán le linn 2015, sin ardú 28% ó thaobh na n-athruithe a rinneadh don bhliain. Ba é 807 an t-iomlán in 2014.

Rinneadh méadracht cháilíochta a thuairsciú don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (FBF) go ráithiúil, agus sna rátaí dúnta, níor baineadh an sprioc 80% amach.

Tá d'aidhm ag an gCóras Bainistíochta Cáilíochta tuairisciú ar theagmhais a mbeadh tionchar acu ar chaighdeáin na dtáirgí/na bpróiseas, agus faoi dheireadh na bliana, ní raibh an sprioc rátaí dúnta 80% bainte amach ag an gCóras; baineadh rátaí dúnta 78% amach. Is é an líon iomlán ALanna a bailíodh in 2015 ná 1401, laghdú 23% i gcomparáid le 1717 sa bhliain 2014.

Ba é an t-údar le neamh-dhúnadh sna ranna ná an tionchar a bhí ag tionscadail mhóra ar nós RFFanna agus SSPanna. Phróiseáil an Córas Láimhseála Gearán faoi Tháirge 944 gearán ó ospidéil le linn 2015, agus baineadh ráta dúnta 82% amach. Dóibh sin, bhain 39% (373) le heolas a fuarthas ó dheontóirí tar éis deonacháin, tháinig 13.3% (126) ó ospidéil a bhí ag iarraidh SFÉ chur ar an eolas faoin bhféidearthacht maidir le frithghníomhuithe díobhálacha d'othair, bhain 9% (83) le comhbhaillithe inmheánacha i dtaca le táirgí agus bhain 3.5% (33) le gearáin ó chustaiméirí i dtaobh lipéadú táirgí.

Mar thoradh ar Ghearáin faoi Tháirgí, rinneadh 327 aisghairm in 2015, 77% (252) mar gheall ar eolas a fuarthas tar éis deonacháin.

Déantar anailís ar ghearáin agus ALanna chun Theagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) agus Frithghníomhuithe Troma Díobhálacha (FTDanna) a thaispeáint; rinneadh imscrúdú ar 235 TTD in 2015; thuairiscigh an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachis (ONH) 74 acu sin, agus dhearbhaigh gur bhain siad na critéir amach. Rinneadh imscrúdú ar 135 FTD agus ghlac an ONH le 50 acu tar éis iad a thuairisciú.

Tá córas faireachais deontóirí i bhfeidhm a dhéanann taifeadadh ar imeachtaí a bhfuil baint acu le deontóirí/clinicí; bhí 525 acu sin san iomlán in 2015, laghdú 22% ar fhigiúirí 2014, a sheas ag 640. Seoltar tuarascáil ilchodach chun an ÚRTS ag deireadh na bliana.

Thuairiscigh córas chun glacadh le gearáin seirbhís deontóirí/clinicí iomlán 176 mír i 2015, dúnadh iad ar fad laistigh den sprioc, tá feabhas ar seo ó 2014 nuair a taifeadadh 197 gearán.



# Acmhainní Daonna

**“Tá foghlaim agus forbairt fós ina ngnéithe lárnacha i dtaca le cultúr ardfheidhmíochta a chruthú agus a chothú, atá bunaithe ar riachtanais deontóirí agus na mball foirne.”**

# Acmhainní Daonna

## Réiteach na Saincheiste Pinsin

Bhí próiseas comhairliúcháin ar siúl go leanúnach i rith 2015 leis an Roinn Sláinte agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le Lucht Bainistíochta SFÉ, chomh maith le plé leis na ceardchumainn.

Baineadh úsáid as seirbhísí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais chun cabhair a chur ar fáil. Leanadh den chomhairliúchán dírithe idir an CCO agus na páirtithe uile i rith na bliana, agus bhí moladh comhaontaithe mar thoradh air. Bhí vótaí ó na baill chomharchumainn riachtanach don mholadh seo i Nollaig 2015. Ghlac na fostaithe leis an moladh.

## Próiseáil in Aon Suíomh Amháin

Tugann feidhmiú rathúil an tionscadail seo éifeachtúlachtaí móra costais agus déanann sé an eagraíocht a ailíniú le claonta reatha comhdhlúithe mar a fheictear i Seirbhísí Eorpacha Fola eile iad. Cuireadh cuspóir straitéiseach an tionscadail, is é sin, éifeachtúlachtaí acmhainní daonna a bhainistiú, i gcrích trí dhéileáil le baill foirne ag dul ar scor nó ag fágáil a bpost agus trí idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le hathláithriú inmheánach agus athláithriú seachtrach chuig FSS - Theas.

D'oibrigh sé seo amach trí fhorálacha Chomhaontú na Seirbhísí Poiblí. Thángthas ar thoradh ráthúil de bharr comhoibrithe i measc na ngrúpaí foirne, na bainistíochta agus FSS - Theas.

## Foghlaim agus Forbairt

Críochnaíodh athbhreithniú seachtrach cuimsitheach ar fhoghlaim agus forbairt, a raibh d'aidhm aige éifeachtacht agus éifeachtúlacht foghlaim agus forbairt laistigh de SFÉ a mheas.

Tugadh aghaidh ar thrí phríomhcheist;

1. Céard é an cur chuige reatha ar aithint, dearadh, soláthar agus measúnú cláir foghlamtha agus forbartha i SFÉ?
2. Cén chaoi a gcuirtear acmhainní ar fáil don soláthar agus struchtúr agus cé na costais atá i gceist?
3. Cén ról atá ag córais teicneolaíochta i mbainistiú/monatóireacht an phróisis seo?

Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil, atá ailínithe le Plean Straitéiseach SFÉ ó 2013 go 2016. Tugadh tosaíocht do na moltaí agus tosaíodh á dtabhairt isteach ar bhun céimnithe ag deireadh 2015. Tá ról lárnach fós ag foghlaim agus forbairt maidir le cultúr ardfheidhmíochta a chruthú agus a choimeád, atá bunaithe ar riachtanais dheontóirí agus foirne.

## Grúpa Oibre Cumas Daoine

Bunaíodh grúpa ar feadh na heagraíochta chun straitéisí foghlamtha agus forbartha nua a dhearadh agus a sholáthar.

Spreagann an grúpa seo cur chuige iomlánaíoch a bhfuil ráthu caighdeáin mar bhonn leis. Déanann an Stiúrthóir Acmhainní Daonna cathaoirleacht ar an ngrúpa agus tuairiscíonn don Phríomhfheidhmeannach, agus is léiriú í obair an ghrúpa ar an tiomantas leanúnach atá ag SFÉ do straitéis forbartha daoine. Chuir an grúpa creat ar fáil freisin i gcomhair forbairt leanúnach. Áirítear leis seo forbairt chomhaontaithe méadrachta chun éifeachtúlacht na straitéise nua a mheas.

## Sláinte agus Sábháilteacht Timpeallachta (SST) Sábháilteacht Dóiteáin agus Clár Freagra Éigeandála

Nuair a ghluais an eagraíocht chuig próiseáil aon suíomh amháin, dhírigh SFÉ ar an gClár Sábháilteachta Dóiteáin agus Freagra Éigeandála. Bhí na gnéithe seo a leanas ina bpríomhghnéithe den chlár;

- Polasaí agus Straitéis Sábháilteachta Dóiteáin a chur i bhfeidhm don eagraíocht
- Athbhreithniú mór ar Phleananna Freagra Éigeandála Inmheánaigh don Ionad Náisiúnta Fola agus do gach Ionad Réigiúnach de chuid SFÉ.
- Athscrúdú ar an bPlean Dóiteáin don Ionad Náisiúnta Fola
- Polasaí chun dó mailíseach a Chosc agus a Smachtú
- Cláir Oiliúna Sábháilteachta Dóiteáin agus Freagra Éigeandála athbhreithnithe a chur i bhfeidhm

## Clár Sábháilteachta Ceimiceán

I gcomhar leis an dara céim de na socruithe aistrithe de Ghrádú, Lipéadú agus Pacáistiú, lean SST ag athbhreithniú agus ag forbairt an Chláir Sábháilteachta Ceimiceán.

Cuimsíonn seo

- Athbhreithniú ceimiceach um shláinte cheirde laistigh de shaotharlanna an INF i gcomhar le soláthraithe sláinte cheirde SFÉ
- Athbhreithniú ar Mhodh Oibre Polasaí Ceimiceáin agus Doirte Ceimiceán

## Seirbhísí Leabharlainne

Cuireadh oiliúint ar fáil ar ard-scileanna cuardaithe agus scileanna cuardaithe PubMed agus bhí seisiúin scileanna leabharlainne do ghrúpa agus do dhaoine aonair ar siúl le linn 2015. Rinneadh nuashonrú ar a lán de na treoracha "How to" ar an Inlíon mar áiseanna féinfhoghlamtha. Ina theannta sin, d'eagraigh an leabharlann seisiúin foghlamtha am lóin chomh maith le Seachtain Leabharlainne na hÉireann 2015 a cheiliúradh le tráth na gceist ar líne.

Thug roinnt grúpaí cuairt ar an Leabharlann, mic léinn ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ina measc a bhí ag staidéar i gcomhair iarchéime in Eolaíocht Leabharlainne agus Faisnéise. Thug an tOifigeach Taighde/Leabharlannaí léachtanna aoi freisin i Scoil Leabharlainne SILS sa Choláiste Ollscoile, BÁC. Baineadh úsáid as staidéar cáis bunaithe ar Leabharlann SFÉ do thionscadal Buaic-Chúrsa SILS ar ról bhainistíocht leabharlann speisialaithe.

# Airgeadas

**Cuntais Achoimre na bliana dar críoch 31 Nollaig 2015**

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 65,429 | 64,004 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 260 | 878 |
| **Ioncam iomlán** | **65,689** | **64,882** |
| **Caiteachas** | | |
| **Caiteachas iomlán** | **71,607** | **68,034** |
| Barrachas / (Easnamh) na bliana | (5,918) | (3,152) |
| Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach ón scéim pinsean | 24,163 | (47,155) |
| Aistriú go Cúlchistí Caipitil | (88) | (130) |
| Aistriú go dtí an Cúlchiste Taighde | (53) | (1,106) |
| Easnamh Carnach ar 1 Eanáir | (61,079) | (9,536) |
| Easnamh Carnach ar 31 Nollaig | **(42,975)** | **(61,079)** |

Nóta: Tá roinnt figiúirí don bhliain chomparáideach athráite faoi FRS102

### Ioncam

Tá anailís déanta ar ioncam iomlán an Bhoird do 2015 ar luach €65.69 milliún (2014 €64.88 milliún) mar ioncam athfhillteach agus ioncam neamhfhillteach. Is ionann ioncam athfhillteach agus ioncam €65.43 milliún (2014 €64.00 milliún) a fuarthas ó tháirgí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil d'ospidéil. Cuimsíonn ioncam neamhfhillteach ús ar thaiscí bainc ar luach €0.26 milliún (2014 €0.88 milliún) . Is ionann an t-ardú ar ioncam athfhillteach agus méideanna ardaithe in 2015 agus is de bharr an laghdaithe úis ar thaiscí atá an laghdú ar ioncam neamhfhillteach.

### Caiteachas

B'ionann caiteachas 2015 agus €71.61 milliún (€68.03 milliún in 2014).

Tá an t-ardú ar chaiteachas ann go príomha mar gheall ar arduithe ar chostais phinsin fostaí.

Déanann an Bord cuntas ar phinsin i gcomhréir le CTA102.

## Cúlchistí

Tá cúlchiste caipitil ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Ba é iarmhéid chiste na bliana dar críoch 31 Nollaig 2015 ná €8.50 milliún.

Bhunaigh an Bord cúlchiste taighde in 2006. Ba é iarmhéid an chiste taighde in 2015 ná €1.310 milliún. (2014 €1.257 milliún).

## Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €2.7 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus trealamh i rith 2015 (€3.07 milliún in 2014).

Ba iad na príomhinfheistíochtaí a rinneadh i rith na bliana ná caiteachas ar Ríomhchóras nua Forais Fola (RFF), athsholáthar flít agus ceadúnais bogearraí.

Bhí caiteachas athfhillteach ar athsholáthar bonneagar TFC, saotharlann, gléasra agus trealamh eile chomh maith.

## Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Cloínn an Bord le ceanglais na Reachtaíochta um Íocaíocht Phras, ach amháin nuair a luaitear a mhalairt thíos. Is é an gnáthchreidmheas a bhíonn gafa ag an mBord, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, ná 30 lá tar éis don sonrasc a bheith faighte, nó tar éis do dheimhniú a bheith faighte go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí ar gá íoc astu. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2015, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc ar luach €268,869.95 déanach ar feadh 26.7 lá ar an meán. Ba ionann na sonraisc seo agus 0.64% de líon agus 0.63% de luach na n-íocaíochtaí go léir a rinneadh le soláthraithe earraí agus seirbhísí i rith na bliana. B'ionann iomlán an úis agus na bhfíneálacha a íocadh maidir le gach íocaíocht dhéanach agus €5,852.30.

Leanann an Bord d'athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta riaracháin ar mhaithe le cabhrú le laghdú a dhéanamh ar an oiread ama a chaitear ar cheisteanna agus réitigh maidir le sonraisc.

# Sonraí teagmhála

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós Íochtair an Chaisleáin
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Dlíodóirí

Arthur Cox
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
t: 01/4322800
f: 01/4322930
r:contactus@ibts.ie
www.giveblood.ie Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850731137
www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie

**Ionad Chorcaí**
Ospidéal Naomh Fionnbharra
Bóthar Dhúghlais
Corcaigh
t: 021/4807400
f: 021/4313014

**Clinic Deonaithe Fola Bhaile Átha Cliath**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000

**Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgan**
6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808

**Ionad Bhaile Átha Fhirdhia**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co. Lú
t: 041/6859994
f: 041/ 6859996

**Ionad Cheatharlach**
Eastát Tionsclaíoch Bhaile Mhic Thiarnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/9132125
f: 059/9132163



Irish Blood Transfusion Service

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8.

Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
Ríomhphost: contactus@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850 731 137

arna dearadh ag CATALYSTO